# Plean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail Chill Dara
**2024-2029**

LECP
Kildare Local Economic and Community Plan










LCDC
Coiste um Fhorbairt Pobail Áitiúil Chill Dara
Kildare Local Community Development Committee

**Comhairle Contae Chill Dara**
Kildare County Council

LECP
Kildare Local Economic
and Community Plan

# Plean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail Chill Dara **2024-2029**



Cuirtear na doiciméid seo a leanas ar fáil le Plean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail Chill Dara agus ba cheart an Plean a léamh in éineacht leis na doiciméid sin atá ar fáil ag: https://kildarecoco.ie/AllServices/Community/KildareLCDC/LocalEconomicandCommunityPlan/

- **Ráiteas Socheacnamaíoch PÁEP Chontae Chill Dara Iúil 2023**– ina ndéantar cur síos ar dhréachtfhís agus dréachtspriocanna ardleibhéil PÁEP.
- **Tuarascáil Bhonnlíne PÁEP Chontae Chill Dara Iúil 2023** - ina soláthraítear nuashonruithe sonraí chun bonn eolais a chur ar fáil don Ráiteas Socheacnamaíoch.
- **Athbhreithniú Beartais PÁEP Chontae Chill Dara Iúil 2023** - ina n-athbhreithnítear beartais agus pleananna ábhartha AE, náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla.
- **Tuarascáil Chomhairliúcháin PÁEP Chontae Chill Dara Samhain 2023** - ina ndéantar cur síos ar an bpróiseas comhairliúcháin agus torthaí a bheidh mar bhonn le fís agus spriocanna ardleibhéil deiridh PÁEP.
- **Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta (MST) PÁEP Chontae Chill Dara agus Tuarascálacha Scagtha le haghaidh Measúnachta Cuí (MC)** – ina ndéantar cur síos ar thoradh an scagtha don Mheasúnacht Straitéiseach Timpeallachta agus Measúnacht Chuí.
- **Tuarascálacha Dhaonáireamh 2022 Chontae Chill Dara** - ón Ionad Breathnaithe um Thaighde Uile-Éireann (IBTUÉ) - ina soláthraítear tacair sonraí ó Dhaonáireamh 2022 a bhí mar bhonn leis an PÁEP deiridh.

# Clár Ábhair


**Comhréamhrá** iv

**Gluais** vi

**1. Brollach** 2

1.1 Comhthéacs 2
1.2 Forbairt PÁEP Chill Dara 3
1.3 Prionsabail PÁEP 4
1.4 Formáid an Phlean 5

**2. Próiseas Forbartha PÁEP** 8

2.1 Ullmhúchán 8
2.2 Comhairliúchán 9
2.3 Cuspóirí agus Torthaí a Fhorbairt 10
2.4 An Plean a chur i gCrích 11
2.5 Cur chun feidhme 11
2.6 Monatóireacht agus Meastóireacht 11

**3. PÁEP Chill Dara i gComhthéacs** 14

3.1 Brollach 14
3.2 PÁEP agus Pleanáil Spáis 16
3.3 Beartais agus Pleananna Ábhartha Eile 23

**4. Cill Dara – Próifíl Shocheacnamaíoch** 28

4.1 Brollach 28
4.2 Grafaic Eolais-Daonáireamh 2022 29

**5. Próiseas Comhairliúcháin PÁEP Chill Dara** 32

5.1 Brollach 32
5.2 An Próiseas Comhairliúcháin 33
5.2.1 Athbhreithniú ar Phleananna Eile a Cuireadh i dToll a Chéile le Déanaí 33
5.2.2 Suirbhé Ar Líne 34
5.2.3 Comhairliúchán Pobail agus Deonach 34
5.2.4 Comhairliúchán le Fostóirí agus le Gnóthaí 34
5.2.5 Comhairliúchán le Gníomhaireachtaí agus faoin Struchtúr Comhoibríoch 35

5.3 Torthaí an Chomhairliúcháin 37

5.3.1 Toradh Comhairliúcháin a hAon: Bonn eolais a chur ar fáil don Fhís PÁEP agus do na Spriocanna Ardleibhéil deiridhs 37

5.3.2 Toradh Comhairliúcháin a Dó: Bonn Eolais a chur ar fáil do Chuspóirí agus Gníomhartha PÁEP 38

**6. Anailís ar PÁEP Chill Dara 40**

**7. Fís agus Spriocanna Ardleibhéil PÁEP Chill Dara 46**

7.1 Fís 46

7.2 Sprioc Ardleibhéil 1 47

7.2.1 Sprioc Ardleibhéil 1- Cuspóirí Inbhuanaithe 47

7.3 Sprioc Ardleibhéil 2 54

7.3.1 Sprioc Ardleibhéil 2: Cuspóirí Inbhuanaithe 54

7.4 Sprioc Ardleibhéil 3 61

7.4.1 Sprioc Ardleibhéil 3: Cuspóirí Inbhuanait 61

7.5 Sprioc Ardleibhéil 4 66

7.5.1 Sprioc Ardleibhéil 4: Cuspóirí Inbhuanaithe 67

**8. Cur Chun Feidhme, Monatóireacht agus Meastóireacht 72**

8.1 Brollach 72

8.2 Cur chun feidhme 72

8.3 Monatóireacht agus Meastóireacht 73

**Aguisíní 76**

Aguisín a hAon: Baill Ghrúpa Stiúrtha Comhairleach Chill Dara 76

Aguisín a Dó: Ballraíocht CFPÁ Chill Dara Eanáir 2024 77

Aguisín a Trí: Baill an CBS um Fhorbairt Eacnamaíoch, Fiontar agus Pleanáil 78

Aguisín a Ceathair: Teimpléad Phlean Feidhmithe PÁEP Chill Dara 2024-2026 79

Aguisín a Cúig: Scagadh le haghaidh MST agus MC 80

Aguisín a Sé: Roinnt Príomhfhíricí maidir le Cill Dara 82

# Comhréamhrá

Mar Chathaoirleach Chomhairle Contae Chill Dara, Cathaoirligh Choiste Forbartha Pobail Áitiúil Chill Dara (CFPÁ) agus an Choiste um Beartais Straitéiseacha (CBS) maidir le Forbairt Eacnamaíoch, Fiontraíocht agus Pleanáil, tá lúcháir orainn an plean tábhachtach seo do Chill Dara a chur i láthair daoibh. Is é seo ár ndara PÁEP (2024-2029), agus leagann sé amach fís shoiléir agus spriocanna, a bhfuil cuspóirí uaillmhianacha mar bhonn agus mar thaca acu chun forbairt pobail agus eacnamaíoch a chur chun cinn agus chun tacú leis an bhforbairt sin thar na sé bliana amach romhainn inár gcontae.

Agus é ar an gcúigiú húdarás áitiúil is mó agus ar cheann de na contaetha is mó fáis agus is óige sa tír, tagann an plean seo ag am suntasach ar tráth athraithe é. Le cabhair ó Líonra Rannpháirtíochta Pobail Chill Dara (LRP), bhíomar i dteagmháil le breis agus 1,300 duine ar fud an chontae agus d'éisteamar lena dtuairimí agus an plean seo á fhorbairt againn.

Agus an PÁEP seo i gCill Dara á ullmhú, fuaireamar ár gcuid eolais agus taighde ó raon leathan pleananna náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla a théann i bhfeidhm ar fhorbairt eacnamaíoch agus pobail, lena n-áirítear Plean Forbartha Contae Chill Dara, Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide Chill Dara, Plean Choiste Seirbhísí Leanaí agus Daoine Óga Chill Dara gan ach roinnt a lua.

Tá sé tábhachtach go n-úsáidfí an PÁEP seo mar threoirphlean chun eolas a dhéanamh d'obair Chomhairle Contae Chill Dara, comhlachtaí reachtúla eile, eagraíochtaí na hearnála deonaí agus ionadaithe gnó thar na sé bliana atá romhainn.

Ba mhaith linn buíochas a ghabháil le gach duine a bhí páirteach sa phlean seo agus a thug eolas dó chun é a thabhairt chun críche, go háirithe Grúpa Stiúrtha Comhairleach an PÁEP, an CFPÁ agus an CBS a chíor, a phléigh agus a d'fhaomh an plean ag gach céim, lena chinntiú go raibh sé oiriúnach don fheidhm agus go rachaidh sé chun tairbhe Chontae Chill Dara sna blianta amach romhainn.



**An Clr Daragh Fitzpatrick**
Cathaoirleach CCCD



**An Clr Suzanne Doyle**
Cathaoirleach CFPÁ
Chill Dara



**An Clr Robert Power**
Cathaoirleach an CBS maidir le Forbairt Eacnamaíoch, Fiontraíocht agus Pleanáil



**Sonya Kavanagh**
Príomhfheidhmeannach,
Comhairle Contae Chill Dara

Is plean an-tábhachtach é PÁEP Chill Dara 2024-2029 do Chill Dara thar na sé bliana amach romhainn. Tá bunús láidir leis, toisc go n-aithnítear go soiléir na tosaíochtaí agus na cuspóirí gaolmhara faoi cheithre phríomhsprioc le dul chun cinn a dhéanamh: a) Comhfhorbairt Áite b) Daoine c) Aeráid agus d) Acmhainní a Chur ar Fáil. Tá na tosaíochtaí seo aontaithe ní hamháin ag Comhairle Contae Chill Dara ach ag ár gcomhpháirtithe trasna comhlachtaí reachtúla, eagraíochtaí deonacha, ceannairí pobail agus gnó sa chontae. Mar sin, is plean é ní hamháin dár n-údarás áitiúil ach dár gcomhpháirtithe contae le cur i bhfeidhm. Tá comhoibriú tábhachtach, chomh maith lena chinntiú go bhfuil na prionsabail eile atá leagtha amach sa phlean amhail cothromas, cuimsiú agus cur i bhfeidhm mar bhonn agus mar thaca ag an obair atá ar siúl cheana féin chun gníomhartha a chur chun cinn. Táim muiníneach go ndéanfar na dúshláin a bheidh le sárú gan dabht a chothromú leis na deiseanna a bheidh ann do Chill Dara. Le hobair, tiomantas agus díograis na bpríomhcheannairí ar fud na n-earnálacha go léir, beifear in ann an plean seo a fhorbairt dul chun cinn agus rathúlacht a bhaint amach. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le gach duine a bhí páirteach i bhforbairt PÁEP Chill Dara 2024-2029 agus táim ag tnúth le leanúint lenár n-obair dhearfach le chéile.

# Gluais

**AC:** Aistriú Cóir
**AE:** Aontas Eorpach
**BOOCDCM:** Bord Oideachais agus Oiliúna Chill Dara agus Chill Mhantáin
**CB:** Ceantar Bardasach
**CBN:** Cuspóir Beartais Náisiúnta
**CBS:** Coiste um Beartais Straitéiseacha
**CBT:** Comhbheartas Talmhaíochta
**CCCD:** Comhairle Contae Chill Dara
**CCLCCD:** Coiste Cúraim Leanaí Chontae Chill Dara
**CD:** Crios Dícharbónaithe
**CFPÁ:** Coiste Forbartha Pobail Áitiúil
**Cill Dara:** Úsáidtear an téarma Cill Dara chun tagairt do Chontae nó do Cheantar Údaráis Áitiúil Chill Dara sa phlean seo
**CLCCD:** Comhpháirtíocht LEADER Chontae Chill Dara
**CNP:** An Creat Náisiúnta Pleanála
**CSLDÓ:** Coiste Seirbhísí Leanaí agus Daoine Óga
**DEIS:** Comhionannas Deiseanna sna Scoileanna a Sheachadadh
**GSC:** Grúpa Stiúrtha Comhairleach
**IAT:** Ionaid Acmhainní Teaghlaigh
**IBTUÉ:** An tIonad Breathnaithe um Thaighde Uile-Éireann
**IDC:** Infheistíocht Dhíreach Choigríche
**LCS:** Limistéir faoi Chaomhnú Speisialta
**LRP:** Líonra Rannpháirtíochta Poiblí
**MC:** Measúnacht Chuí
**MST:** Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta
**PÁEP:** Plean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail
**PCÁ:** Plean Ceantair Áitiúil
**PF:** Príomhfheidhmeannach
**PSMU:** Plean Straitéiseach an Mhórcheantair Uirbigh
**RFTP:** An Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail
**RTRÁO:** An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta
**SFÁ:** Straitéis Forbartha Áitiúil
**SFINA:** Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe
**SSER:** Straitéis Spáis agus Eacnamaíoch Réigiúnach
**TROLT:** Tionól Réigiúnach an Oirthir agus Lár Tíre

# Brollach



# 1. Brollach

Is é seo an dara Plean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail (PÁEP) atá curtha i dtoll a chéile do Chontae Chill Dara. Cuireadh chéad PÁEP Chill Dara (2016) i dtoll a chéile i rith an chobhsaithe agus an téarnaimh thosaigh ón gcúlú eacnamaíochta tromchúiseach a thosaigh in 2008 agus a raibh tionchar aige ar gach gné de shaol eacnamaíochta agus pobail na hÉireann. Ó shin i leith, tugadh fás eacnamaíochta suntasach faoi deara, fostaíocht iomlán agus caiteachas poiblí méadaithe ag leibhéal náisiúnta. Sa tréimhse idir an dá linn bhí neart dúshlán le sárú, áfach, lena n-áirítear Brexit, paindéim COVID-19 agus an cogadh san Úcráin. Dá réir sin, tá an comhthéacs socheacnamaíoch athraithe go suntasach ó cuireadh chéad PÁEP Chill Dara i dtoll a chéile.[1] Tá eolas le fáil sna rannóga ina dhiaidh seo den phlean faoin bhforbairt seo agus cuimsítear iontu na spriocanna agus na cuspóirí tosaíochta a bheidh mar bhonn le forbairt Chill Dara as seo go ceann sé bliana. Tá críoch á cur le plean feidhmithe dhá bhliain, mar aon le gníomhaíochtaí tosaíochta.

## 1.1 Comhthéacs

Mar thoradh ar rith an Achta um Athchóiriú Rialtais Áitiúil, 2014 mar dhlí, bhí roinnt athruithe ar chóras riartha an rialtais áitiúil in Éirinn. I measc na bhforbairtí ba shuntasaí bhí ceanglas reachtúil nua go mbeadh Plean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail (PÁEP) comhtháite á ullmhú ag údaráis áitiúla, a mbeadh gnéithe sonracha pobail agus eacnamaíocha á gcur san áireamh ann. Is pleananna reachtúla iad Pleananna Áitiúla Eacnamaíochta agus Pobail, agus foráiltear le hAcht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil, 2014, do ról níos láidre agus níos soiléire don rialtas áitiúil i bhforbairt pobail agus gheilleagrach. Ceanglaítear ar gach Údarás Áitiúil ceannaireacht a thabhairt agus maoirseacht a dhéanamh ar PÁEPanna ina gceantair féin.

Is é an aidhm atá leis an PÁEP na cuspóirí agus na gníomhartha a leagan amach chun tacú le forbairt eacnamaíoch agus áitiúil/pobail Chill Dara i gcomhair tréimhse sé bliana. Beidh cur chun feidhme an phlean á threorú ag Comhairle Contae Chill Dara (CCCD), go díreach, agus i gcomhpháirt le gach páirtí leasmhar eacnamaíochta agus forbartha pobail eile. Is ceanglas é go mbeadh PÁEPanna ailínithe le príomhphleananna eile, lena n-áirítear an Plean Forbartha Contae. Is ionann PÁEP agus an creat do raon straitéisí agus tá sé mar bhonn le tosaíochtaí a bhaineann le forbairt pobail agus eacnamaíoch an chontae. Lena chois sin, i dtaca le hiarratais ar mhaoiniú ó mhaoinitheoirí náisiúnta, táthar ag éileamh de réir a chéile, a chinntiú go bhfuil siad ailínithe le PÁEP, e.g., maoiniú Aistriú Cóir an AE.

1 Comhaontaíodh moill a chur ar fhorbairt an dara PÁEP ag leibhéal náisiúnta mar gheall ar COVID-19 agus an Ghéarchéim san Úcráin.

## 1.2 Forbairt PÁEP Chill Dara

I mí Feabhra 2023, chuir CCCD tús le próiseas pleanála PÁEP 2024-2029. Chloígh sé leis na treoirlínte náisiúnta mionsonraithe.[2] Déantar cur síos sa tábla seo, atá le fáil sna treoirlínte, ar na sé chéim ar leith a theastaíonn chun an plean a fhorbairt agus a chur chun feidhme i gCill Dara:

| | | | |
|---|---|---|---|
| **Céim 1:** Ullmhúchán | Anailís shocheacnamaíoch | Ráiteas Socheacnamaíoch agus Spriocanna Ardleibhéil bunaithe ar Anailís Shocheacnamaíoch | Ullmhúchán déanta ag an nGrúpa Comhairleach. Sínithe ag CBS agus CFPÁ |
| **Céim 2:** Comhairliúchán Poiblí | Comhairliúchán Poiblí maidir le Spriocanna Ardleibhéil | Athbhreithniú ar an Ráiteas bunaithe ar chomhairliúchán | Ullmhúchán déanta ag an nGrúpa Comhairleach. Sínithe ag CBS agus CFPÁ |
| **Céim 3:** Cuspóirí agus Torthaí a Fhorbairt | Cuspóirí agus torthaí mionsonraithe a fhorbairt | Ullmhúchán déanta ag an nGrúpa Comhairleach. Sínithe ag CBS agus CFPÁ | Dréacht deiridh curtha ar fáil do CBanna agus ÚRanna chun críche ionchuir |
| **Céim 4:** An Plean a Thabhairt Chun Críche | CBS agus CFPÁ chun glacadh leis an dréacht deiridh ina léirítear ionchur CB agus ÚR | An dréacht deiridh le ceadú ag an ÚÁ | Le cur faoi bhráid an Aire agus Foilsithe ag ÚÁ |
| **Céim 5:** Cur chun feidhme | Pleananna Feidhmithe | Breithniú ar Acmhainní atá ar fáil | Cur chun feidhme solúbtha leanúnach |
| **Céim 6:** Monatóireacht agus Meastóireacht | PTFanna chun déileáil leis na torthaí beartaithe | Bailiú sonraí leanúnach, cás-staidéir san áireamh | Tuarascáil feidhmithe |

Tá tuilleadh eolais maidir le forbairt PÁEP Chill Dara le fáil i rannóg a dó den phlean seo.

2 *Treoirlínte Phlean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail*, 2021, na Roinne Forbartha Tuaithe agus Pobail agus na Roinne Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta

## 1.3 Prionsabail PÁEP

Tá na naoi bprionsabal seo a leanas mar bhonn le PÁEP Chill Dara[3]:

| | |
|---|---|
| **Meas** | Gealltanas a thabhairt go léireofar meas ar an éagsúlacht eolais, scileanna, dearcthaí agus taithí ar an saoil a chuireann na páirtithe leasmhara ar fad ar fáil don PÁEP. Lena chois sin, déanfaidh comhlachtaí gach iarracht is féidir lántairbhe a bhaint as an bpoitéinseal a bhaineann leis an éagsúlacht seo agus ag an am céanna aon choinbhleacht nó easaontú a thagann chun cinn a bhainistiú ar bhealach dearfach agus ionchuimsitheach. |
| **Coimhdeacht** | Aithneofar agus éascófar cumas pobal, is cuma más pobail leasa nó gheografacha atá i gceist, chun tionchar a imirt ar chinntí agus gníomhartha, agus más cuí iad a dhéanamh, tacú le comhroinnt cumhachta agus le feidhmiú cumhachta chomh gar do phobail agus is féidir. |
| **Comhchuibhiú** | Comhsheasmhacht le straitéisí atá bunaithe cheana féin a chinntiú agus cuspóirí agus gníomhartha comhaontaithe a chur chun feidhme. Tacú le cuir chuige a thacaíonn le comhchuibhiú agus le caighdeáin choiteanna dea-chleachtais agus a leithéid a éascú. |
| **Luach ar Airgead** | Tacú le cuir chuige luach ar airgead agus a leithéid a éascú, a mbeidh éiteas comhoibríoch, comhpháirtíochta uile-rialtais mar bhonn leis a thugann tús áite do luach sochaíoch agus do riachtanas pobail. |
| **Cur chun feidhme** | Gach iarracht is féidir a dhéanamh chun tairbhe a bhaint as na struchtúir atá bunaithe cheana féin ag leibhéal áitiúil agus náisiúnta, agus é mar aidhm lántairbhe a bhaint as an bhféidearthacht a bhaineann leis na struchtúir seo. |
| **Comhar** | Oibriú i gcomhar le páirtithe leasmhara agus le pobail ábhartha chun tacú le cuir chuige inbhuanaithe maidir le forbairt agus cur chun feidhme beartas agus clár. |
| **Forbairt Inbhuanaithe** | Tacú le forbairt inbhuanaithe agus a leithéid a chur chun cinn, agus mar thoradh geilleagar inbhuanaithe agus tíosach ar fhuinneamh a chruthú a bheidh bunaithe ar shochaí chothrom agus chóir a bhfuil meas aici ar theorainneacha éiceolaíocha na timpeallachta nádúrtha ar mhaithe leis an athrú aeráide a mhaolú. |
| **Ionchuimsiú Sóisialta** | Tús áite a thabhairt do riachtanais pobal atá ag déileáil le heisiamh sóisialta nó eacnamaíoch, agus straitéisí agus sásraí a fhorbairt chun tacú le hionchuimsiú agus chun é a chinntiú. |
| **Cearta an Duine, Comhionannas agus Frith-idirdhealú** | Gealltanas maidir le cearta an duine, comhionannas agus frith-idirdhealú, lena n-áirítear tacú lena leithéid a chur chun cinn agus gealltanas a thabhairt déileáil leis na foirmeacha éagsúla idirdhealaithe a mbíonn ar go leor grúpaí déileáil leo |

3 Tá prionsabail PÁEP Chill Dara bunaithe ar threoirlínte na Roinne Forbartha Tuaithe agus Pobail (RFTP) agus alt 42 d'Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014

## 1.4 Formáid an Phlean

Tá an plean seo eagraithe sna naoi rannóg seo a leanas:

1 **RANNÓG A hAON: BROLLACH**
Déantar cur síos sa rannóg seo ar an gcúis a bhfuil gá le plean eacnamaíochta agus pobail do Chill Dara agus ar na prionsabail atá mar bhonn leis an bplean sin

2 **RANNÓG A DÓ: PRÓISEAS FORBARTHA PÁEP**
Sa rannóg seo, déantar cur síos ar an bpróiseas a thacaigh le forbairt an phlean.

3 **RANNÓG A TRÍ: PÁEP CHILL DARA I gCOMHTHÉACS**
Tugtar forléargas sa rannóg seo ar an mbeartas agus ar an gcomhthéacs pleanála a bhí mar bhonn le forbairt an phlean.

4 **RANNÓG A CEATHAIR: CILL DARA – PRÓIFÍL SHOCHEACNAMAÍOCH**
Déantar cur síos sa rannóg seo ar na príomhfhíricí socheacnamaíocha atá mar bhonn le PÁEP

5 **RANNÓG A CÚIG: PRÓISEAS COMHAIRLIÚCHÁIN PÁEP CHILL DARA**
Tá sonraí le fáil sa rannóg seo faoin bpróiseas comhairliúcháin agus faoi na príomhthorthaí a d’eascair as chun bonn eolais a chur le PÁEP.

6 **RANNÓG A SÉ: ANAILÍS AR PÁEP CHILL DARA**
Sa rannóg seo cuirtear anailís ar Láidreachtaí, Dúshláin, Deiseanna agus Bagairtí (LLDB) ar Chill Dara i láthair.

7 **RANNÓG A SEACHT: FÍS, SPRIOCANNA AGUS SPRIOCANNA ARDLEIBHÉIL**
Sa rannóg seo cuirtear fís, spriocanna ardleibhéil agus cuspóirí inbhuanaithe PÁEP, 2024-2029 i láthair.

8 **RANNÓG A hOCHT: CUR CHUN FEIDHME, MONATÓIREACHT AGUS MEASTÓIREACHT**
Déantar cur síos sa rannóg seo ar conas a chuirfear PÁEP Chill Dara chun feidhme agus conas a dhéanfar monatóireacht air.

9 **RANNÓG A NAOI: AGUISÍNÍ**
Doiciméid Tacaíochta

## Brollach







# Próiseas Forbartha PÁEP



# 2. Próiseas Forbartha PÁEP

Nuair a bhí próiseas forbartha PÁEP Chontae Chill Dara ar siúl, tugadh aird ar na treoirlínte mionsonraithe seo a leanas ón Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail (RFTP) agus ón Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta (RTRÁO). Tá achoimre ghearr le fáil sa rannóg seo ar na sé chéim a cuireadh i gcrích fad is a bhí an plean á fhorbairt.

## 2.1 Ullmhúchán

I mí Feabhra 2023, cuireadh tús le hobair chun a chinntiú go raibh feasacht ghinearálta ar PÁEP, a ról agus an tábhacht a bhaineann leis in intinn príomhpháirtithe leasmhara i gCill Dara. San áireamh anseo bhí iarracht á déanamh a chinntiú go raibh an fhoireann ardbhainistíochta in CCCD, an fhoireann ar fad, gníomhaireachtaí reachtúla eile, grúpaí earnála pobail/deonaí agus gnóthaí áitiúla airdeallach ar an bplean trí chruinnithe agus cuir i láthair a eagrú agus físeán a fhorbairt. Lena chois sin, eagraíodh cur i láthair ag na cúig chruinniú Ceantair Bhardasaigh (CB) i mí an Mhárta chun eolas a roinnt leis na daichead ionadaí tofa. Chomh maith leis sin, eagraíodh cruinniú le Tionól Réigiúnach an Oirthir agus Lár Tíre (TROLT).

Leagtar amach go soiléir sna treoirlínte go ndéanann an CBS um Fhorbairt Eacnamaíoch, Fiontar agus Pleanáil, maoirseacht ar ghnéithe geilleagracha an phlean agus go ndéanann an Coiste Forbartha Pobail Áitiúil (CFPÁ) maoirseacht ar na gnéithe pobail. Chomhaontaigh páirtithe leasmhara i gCill Dara, áfach, gur ar mhaithe le leas an chontae é cur chuige atá comhtháite agus comhoibríoch, a chuireann leis an gcomhoibriú a bhí ag tarlú cheana féin. Tá sé seo bunaithe ar thuiscint chomhaontaithe go bhfuil geilleagar láidir agus pobail láidre comhthairbheach.

Bunaíodh Grúpa Stiúrtha Comhairleach (GSC) sinsearach, trasearnála agus ionadaíoch chun maoirseacht a dhéanamh ar fhorbairt an PÁEP seo.[4]

San áireamh san obair a rinneadh mar chuid de chéim a haon bhí:

- PÁEP Chill Dara 2016-2021 a Athbhreithniú
- Próifíl Shocheacnamaíoch Chill Dara a nuashonrú (a nuashonraíodh le déanaí de bhrí go raibh sonraí Dhaonáireamh 2022 ar fáil)
- Athbhreithniú a dhéanamh ar phríomhbheartais/ar phríomhphleananna Eorpacha, náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla.

Nuair a bhí an obair seo ar fad curtha i gcrích ullmhaíodh Ráiteas Socheacnamaíoch inar moladh dréachtfhís agus spriocanna ardleibhéil PÁEP.[5] Chomhaontaigh an CBS

4 Déantar cur síos in Aguisín a hAon ar bhallraíocht GSC PÁEP Chill Dara.

5 Tá na tuarascálacha, lena n-áirítear Ráiteas Socheacnamaíoch PÁEP Chontae Chill Dara agus na Dréachtspriocanna Ardleibhéil, ar fáil ag https://kildarecoco.ie/AllServices/Community/KildareLCDC/LocalEconomicandCommunityPlan/

um Fhorbairt Eacnamaíoch, Fiontar agus Pleanáil, leis an ráiteas seo ag an gcruinniú a reáchtáladh ar an 22 Meitheamh, 2023, agus chomhaontaigh CFPÁ leis ag an gcruinniú a reáchtáladh ar an 5 Iúil, 2023.

## 2.2 Comhairliúchán

Bhí tábhacht ar leith ag deis rannpháirtíochta a thabhairt do dhaoine áitiúla, gnóthaí, soláthraithe seirbhíse, grúpaí pobail agus deonacha, agus príomhpháirtithe leasmhara eile, sa phróiseas pleanála le bailíocht an phlean mar aon le gealltanas fadtéarmach a bheith á thabhairt acu chun PÁEP a chur chun feidhme. Ainneoin go mínítear sna treoirlínte gur chéim ar leith den phróiseas pleanála iad na treoirlínte, glacann Comhairle Contae Chill Dara le comhairliúchán mar chomhpháirt leabaithe den phlean iomlán. I bhfocail eile, bíonn cúrsaí á bplé le páirtithe leasmhara i rith gach uile chéim den phlean, ó na laethanta tosaigh go dtí cur chun feidhme deiridh agus pleanáil don tríú PÁEP.

Cuireadh tús leis an gcéim chomhairliúcháin ar leith i mí Iúil 2023 agus lean an chéim seo ar aghaidh go dtí mí na Samhna 2023. Tháinig an CBS um Fhorbairt Eacnamaíoch, Fiontar agus Pleanáil agus CFPÁ ar chomhaontú maidir leis na modhanna comhairliúcháin roimh ré. Sainaithníodh na páirtithe leasmhara tosaíochta seo a leanas:



San áireamh sna modhanna a úsáideadh chun dul i gcomhairle le páirtithe leasmhara bhí:

- Athbhreithniú ar phleananna ábhartha a cuireadh i dtoll a chéile le déanaí
- Suirbhé ar líne
- Comhairliúchán Pobail agus Deonach
- Comhairliúchán le Fostóirí agus le Gnóthaí
- Gníomhaireachtaí Reachtúla
- Comhairliúchán bunaithe ar struchtúr comhoibríoch

Ghlac breis is 1,300 duine aonair páirt dhíreach sa chomhairliúchán mar chuid d'fhorbairt PÁEP Chill Dara. Tá tuarascáil chomhairliúcháin ina bhfuil cur síos déanta ar an bpróiseas agus ar na torthaí le fáil[6], mar aon le hachoimre i rannóg a cúig den phlean seo.

Chabhraigh an chéim chomhairliúcháin ar leith seo chun fís agus spriocanna ardleibhéil an phlean seo a chur i gcrích, fís agus spriocanna a d'fhaomh CFPÁ ar an 29 Samhain, 2023, agus a d'fhaomh an CBS um Fhorbairt Eacnamaíoch, Fiontar agus Pleanála ar an 12 Nollaig 2023.

## 2.3 Cuspóirí agus Torthaí a Fhorbairt

San áireamh sa tríú céim seo den phróiseas pleanála bhí cuspóirí agus torthaí PÁEP a chur i gcrích. Bhí sé ríthábhachtach ag an gcéim seo na cuspóirí a ailíniú le raon leathan príomhphleananna straitéiseacha, lena n-áirítear Plean Forbartha Contae 2023-2029, Plean um Ghníomhú ar son na hAeráide 2024-2029 agus Straitéis um Fhorbairt Eacnamaíoch Chill Dara 2025. D'fhaomh an CBS um Fhorbairt Eacnamaíoch, Fiontar agus Pleanáil agus CFPÁ na cuspóirí deiridh ag na cruinnithe a reáchtáil siad i mí Feabhra 2024.





6 Tuarascáil Chomhairliúchán PÁEP Chill Dara, Samhain 2023, ar fáil ag https://kildarecoco.ie/AllServices/Community/KildareLCDC/LocalEconomicandCommunityPlan/

## 2.4 An Plean a chur i gCrích

Ina dhiaidh sin, seoladh an PÁEP ar aghaidh go dtí TROLT, a raibh teagmháil leanúnach déanta leis, chun deis a thabhairt dó athbhreithniú a dhéanamh. Lena chois sin, cuireadh an dréachtphlean i láthair na gcomhaltaí ag a gcruinnithe Ceantair Bhardasaigh i mí Aibreáin 2024 chun aiseolas a fháil.

Ba é ról TROLT agus na gcomhaltaí tofa an méid seo a leanas a chinntiú:

- Tá an PÁEP comhsheasmhach leis an bPlean Forbartha Contae agus leis an Straitéis Spáis agus Eacnamaíoch Réigiúnach (SSER) agus
- Tá comhsheasmhacht idir na gnéithe geilleagracha agus pobail den PÁEP.

Mhol TROLT go mbeadh tagairt le fáil sa dréachtphlean don straitéis mhiondíola don chontae sula nglacfaí leis. Glacadh leis an moladh seo. Chomhaontaigh na comhaltaí tofa, ag a gcruinnithe Ceantair Bhardasaigh i mí Aibreáin 2024, d'aon toil, dul ar aghaidh chun an plean a ghlacadh ag a gcruinniú comhairle iomlán. Ghlac Comhairle Contae Chill Dara leis an bplean seo ag a cruinniú comhairle iomlán ar an 29 Aibreán 2024.

## 2.5 Cur chun feidhme

Forbraíodh plean feidhmithe dhá bhliain i gcomhpháirt le Ranna ábhartha CCCD, mar aon le heagraíochtaí reachtúla agus na hearnála deonaí, agus tá a chur i gcrích faoi láthair.

## 2.6 Monatóireacht agus Meastóireacht

Is éard atá i gceist leis an gcéim dheiridh den phróiseas monatóireacht agus meastóireacht a dhéanamh ar chur chun feidhme leanúnach PÁEP as seo go ceann sé bliana. Tá eolas le fáil i rannóg a hocht den phlean seo faoi na struchtúir agus faoi na córais atá molta ag Comhairle Contae Chill Dara chun an fheidhm seo a chur i gcrích.

# PÁEP Chill Dara i gComhthéacs



# 3. PÁEP Chill Dara i gComhthéacs

## 3.1 Brollach

Le deich mbliana anuas, tá athrú suntasach tagtha ar ról agus ar fheidhmiú eagraíochtaí in earnálacha poiblí, príobháideacha agus deonacha na hÉireann. Bítear ag glacadh go ginearálta leis go mbeidh feidhmíocht agus éifeachtacht eagraíochtúil fheabhsaithe le tabhairt faoi deara. Tá ár spleáchas méadaitheach ar theicneolaíocht faisnéise chun éifeachtúlachtaí a fheabhsú níos daingnithe i ndiaidh phaindéim Covid 19, agus bhí sé seo mar bhonn le bealach oibre níos digitithe. Bítear ag súil go mbeidh eagraíochtaí earnála poiblí ag obair lena chéile ar bhonn níos comhoibríche agus go mbeidh tairbhe á baint as seachadadh agus pleanáil seirbhíse comhleanúnach. Anuas air sin, tá níos mó rannpháirtíochta agus teagmhála le saoránaigh i gcomhthéacs an tseachadta seirbhíse, agus tuiscint gur féidir seirbhísí a sheachadadh ar bhealach níos éifeachtaí ag leibhéal áitiúil, mar bhonn le forbairt an PÁEP seo.

Tá sé tábhachtach go léirítear forbairt pobail agus geilleagrach mar nithe atá comhthreomhar agus fite fuaite ina chéile laistigh den phlean seo. I rith an phróisis pleanála a bhain le PÁEP Chill Dara, tugadh faoi deara go bhfuil forbairt pobail agus eacnamaíoch idirspleách, agus go mbraitheann forbairt Chill Dara amach anseo ar phobal láidir agus idirspleách **agus** fás geilleagrach.

Níl tuiscint iomlán againn ar phróifíl Chill Dara. Lasmuigh den chontae is minic go nglactar leis mar chontae rachmasach i lár na tíre a bhfuil cúlchríocha tuaithe aige. Ar an iomlán, is contae dea-oilte é Cill Dara ina bhfuil Ollscoil cháiliúil i Maigh Nuad mar aon le neart deiseanna fostaíochta ardoilte agus oidhreacht chultúrtha shaibhir, agus tá sé tábhachtach freisin go mbeadh tuiscint againn ar dhaonra Chill Dara, mar aon lena fhás leanúnach, agus éilimh bhonneagair agus sheirbhíse.

Tugadh **fás daonra** eisceachtúil faoi deara i gCill Dara le tríocha bliain anuas.

- Dhúbail daonra Chill Dara ó dhaonra de 124,321 in 1991 go dtí daonra de **247,774** in 2022. Tá an fás daonra seo de 123,453 le tríocha bliain anuas inchomparáide leis an daonra atá i gCathair agus i gContae Phort Láirge i láthair na huaire.
- Tá an **cúigiú daonra** is airde is atá ag aon Údarás Áitiúil sa Stát i gCill Dara faoi láthair, daonra níos mó ná Cathair agus Contae Luimnigh, Dún Laoghaire-Ráth an Dúin agus Cathair Chorcaí. Tá éagsúlachtaí le tabhairt faoi deara sa leibhéal fáis ar fud Chill Dara, agus tugadh an ráta fáis is tapa faoi deara in CBanna an Náis agus Chlaonta/ Mhaigh Nuad idir 2016 agus 2022.
- Samhlaítear i **réamh-mheastacháin daonra** do Chontae Chill Dara, atá le fáil sa Chreat Náisiúnta Pleanála (CNP), go bhféadfadh daonra an chontae fás go dtí breis is 266,000 duine faoi dheireadh 2031. Is léir ó Dhaonáireamh 2022 go sroichfidh nó go sáróidh Cill Dara an tairseach seo fiú.

- Tugadh fás suntasach faoi deara sna hionaid uirbeacha i gCill Dara idir 2016 agus 2022. Tá **seacht lonnaíocht sa chontae anois ina bhfuil daonra le níos mó ná 10,000** (An Nás, Droichead Nua, Cill Droichid, Maigh Nuad, Léim an Bhradáin, Baile Átha Í agus Baile Chill Dara).

Tá líon na **leanaí agus daoine óga** i gCill Dara faoi 25 cothrom le 86,155. Is é seo an ceathrú daonra is óige (34.8%) agus an cúigiú líon is airde leanaí/daoine óga i measc Údaráis Áitiúla na tíre agus níl líon níos airde ná seo le fáil ach i gCathair Bhaile Átha Cliath, Contae Chorcaí, Fine Gall agus Baile Átha Cliath Theas. Sáraíonn líon na leanaí agus na ndaoine óga i gCill Dara daonraí go leor contaetha. Chomh maith leis sin, ní mór béim a leagan ar an bpointe, ainneoin gur contae óg é Cill Dara, go gcuirfidh treochtaí daonra agus ionchas saoil atá ag méadú dlús leis an éileamh a bheidh ar sheirbhísí/ar thacaíochtaí aoisoiriúnacha do dhaoine níos sine sna blianta amach romhainn.

Ar aon dul le treochtaí náisiúnta, tá Cill Dara ag éirí níos **ilchultúrtha,** agus léiríodh sa Daonáireamh deiridh a rinneadh gur neamhnáisiúnaigh iad 11.4% den daonra. Gach seans go leanfaidh an treocht fáis ar aghaidh ag méadú de réir mar a bheidh tionchar an díláithrithe mar thoradh ar chogadh agus ar an athrú aeráide ag dul i bhfeidhm ar na tíortha is boichte ar domhan agus go mbeidh sé sin ina chúis le hinimirce go dtí na náisiúin is saibhre san Iarthar.

Cruthaíonn an méadú ginearálta daonra seo, i dteannta le riachtanais shonracha inrochtaineachta agus díothachta i gcodanna áirithe den chontae, fadhbanna anois maidir le soláthar seirbhísí tithíochta, oideachais, cúraim leanaí, óige, sláinte, fostaíochta, iompair agus **seirbhísí** oiriúnacha eile a bheith á gcur ar fáil ar fud na tíre.

Tá athrú tagtha ar ghnéithe eile den saol freisin mar anois tá Cill Dara ar cheann de na contaetha is **uirbí** sa Stát. Bunaithe ar Dhaonáireamh 2022, tá cónaí ar thart ar 70% den daonra i gceantair uirbeacha (bailte >= 1,500 duine). Níl rátaí uirbeacha níos airde le tabhairt faoi deara ach sna trí Údarás Áitiúla i mBaile Átha Cliath, Údarás Áitiúil Chorcaí agus Údarás Áitiúil Chathair na Gaillimhe. Tá patrúin spáis an-soiléir le tabhairt faoi deara, áfach, maidir leis an dáileadh uirbeach i gCill Dara agus tá formhór an daonra seo suite i gceantar uirbeach an oirthuaiscirt agus i bpríomhlonnaíochtaí atá gar do na gréasáin mótarbhealaí. Tá an chuid eile de Chill Dara rangaithe mar **cheantar tuaithe,**ina bhfuil daonra iomlán de 74,509. Is é seo an **11**ú líon is airde de chónaitheoirí tuaithe sa Stát. Tá líon iomlán na gcónaitheoirí tuaithe i gCill Dara níos mó ná daonra iomlán contaetha cosúil le Ros Comáin nó Sligeach. Is bonn talmhaíochta tábhachtach réigiúnach é ceantar tuaithe Chill Dara ina bhfuil daonraí agus patrúin lonnaíochta scaipthe, i nDeisceart agus in Iardheisceart an Chontae go príomha.

Is contae **comaitéireachta** é Cill Dara ina bhfuil 41,688, nó 36.5% den lucht oibre, ag taisteal lasmuigh den chontae chun críche oibre. Tá an figiúr seo beagán níos ísle ná an figiúr atá le fáil sa Daonáireamh a rinneadh roimhe seo, de bhrí, den chuid is mó, gur taifeadadh 14,000 oibrí ar cónaitheoirí i gCill Dara iad mar oibrithe cianoibre in 2022. Is é seo an séú ráta is airde sa tír, áfach. Maidir leis na daoine sin a thaistealaíonn chun na

hoibre, is é an carr an modh iompair is coitianta - úsáideann 57% carr. Is é Baile Átha Cliath an príomhcheann scríbe.

Tá sé tábhachtach breithniú a dhéanamh ar na **patrúin stíle maireachtála** seo mar chuid den PÁEP seo. Ag croílár an phlean seo, táthar ag iarraidh tacú le forbairt áiteanna a bhfuil na daoine atá ina gcónaí iontu bródúil astu, sásta “a n-áit chónaithe” a thabhairt orthu, áiteanna inar féidir leo tairbhe a bhaint as stíl mhaireachtála atá sláintiúil agus dearfach, a bheith ag obair ó chian iontu, agus ónar féidir leo taisteal chuig an n-áit oibre go héasca (trí iompar poiblí a úsáid go hidéalach). I bhfianaise cé chomh gar is atá Cill Dara do Bhaile Átha Cliath, ní mór breithniú a dhéanamh ar fhorbairt ár bpríomhchathrach freisin. Is dócha go mbeidh tionchar díreach ag forbairt eacnamaíoch, shóisialta agus chomhshaoil Bhaile Átha Cliath ar Chill Dara. I dteannta leis sin, tá an dúshlán domhanda maidir le déileáil leis an athrú aeráide. Tabharfar dúshlán faoi Chill Dara chun a ról a imirt in astaíochtaí carbóin a laghdú agus a chinntiú go bhforbraíonn an contae ar bhealach inbhuanaithe.

Ainneoin gur contae **an-bhríomhar agus dearfach** é Cill Dara, tá dúshláin fós le sárú ag an gcontae. Laistigh den chontae tá **daoine agus pobail atá ag streachailt** chun seirbhísí a rochtain, atá ag déileáil le dífhostaíocht agus míbhuntáiste suntasach. Ainneoin gur contae réasúnta rachmasach é Cill Dara tríd is tríd, tá pócaí suntasacha díothachta le fáil go háirithe i nDeisceart agus in Iarthuaisceart an chontae agus laistigh de cheantair uirbeacha. Tá an bhochtaineacht seo, de réir na n-eispéireas náisiúnta, ag éirí níos daingne, agus tá an bhearna idir na ceantair is rachmasaí agus idir na ceantair is díothaí níos mó anois ná mar a bhí. Mar aon leis an dúshlán a bhaineann le rochtain a fháil ar sheirbhísí mar gheall ar fhás daonra tapa, tá bacainní breise le sárú ag daoine atá ag déileáil le heisiamh sóisialta laistigh de Chill Dara. Tá béim shuntasach á leagan ar dhéileáil leis na dúshláin seo sa phlean PÁEP seo freisin.

Is ar **dheis leantach** atá an phríomhbhéim á leagan sa dara PÁEP seo. Oibreoidh CCCD i gcomhpháirt le príomhpháirtithe leasmhara eile chun lántairbhe a bhaint as deiseanna agus chun freagairt do dhúshláin, go háirithe dúshláin a bhaineann le soláthar seirbhíse.

## 3.2 PÁEP agus Pleanáil Spáis

De réir an Achta um Athchóiriú Rialtais Áitiúil, 2014, éilítear go mbeadh PÁEP comhsheasmhach le croístraitéis Phlean Forbartha Contae Chill Dara 2023-2009 agus leis an Straitéis Spáis agus Eacnamaíoch Réigiúnach (SSER). Mar chuid den chéim ullmhúcháin don phlean seo, rinneadh athbhreithniú domhain ar na creataí beartais sin.[7]

Tá croístraitéis reatha an chontae leagtha amach i bPlean Forbartha Contae Chill Dara 20232029. Tá creat spáis le fáil ann atá dírithe ar fhás Chill Dara. Chomh maith leis sin, tá an chroístraitéis seo comhsheasmhach leis an gCreat Náisiúnta Pleanála agus le SSER


7 Tá doiciméad athbhreithnithe beartais mionsonraithe le fáil ag https://kildarecoco.ie/AllServices/Community/KildareLCDC/LocalEconomicandCommunityPlan/

do Réigiún an Oirthir agus Lár na Tíre.[8] Leagtar amach sa chroístraitéis ról na mbailte, sráidbhailte agus ceantar tuaithe laistigh den chontae trí ordlathas lonnaíochta. Sainmhínítear san ordlathas lonnaíochta an fhéidearthacht fáis a bhaineann le gach baile agus sráidbhaile agus áirítear ann spriocanna daonra agus tithíochta atá ailínithe le riachtanais talún. Seo thíos ordlathas lonnaíochta Chill Dara 2023-2029:

**Ordlathas Lonnaíochta**

| Ordlathas | Cur síos- sainmhínithe sa SSER | Suímh |
|---|---|---|
| **Príomhbhailte** | Is éard atá i gceist le Príomhbhailte ná bailte móra seirbhíse agus/nó contae, atá gníomhach go heacnamaíoch (Nás agus Maigh Nuad) a sholáthraíonn fostaíocht do na ceantair mórthimpeall orthu agus ag a bhfuil naisc iompair ar ardchaighdeán agus an acmhainn feidhmiú mar thionscnóirí fáis chun tacú leis na hIonaid Fáis Réigiúnacha. | **An Nás**<br>**Maigh Nuad** |
| **Bailte Fáis Féinchothabhálacha** | Is í an tsaintréith a bhaineann le Bailte Fáis Féinchothabhálacha ná go bhfuil leibhéal measartha post agus seirbhísí ar fáil iontu, lena n-áirítear bailte margaidh fochontae agus bailte comaitéireachta a bhfuil naisc iompair mhaithe acu agus an acmhainn freastal ar fhás comhchuimseach leantach chun a chinntiú go mbeidh siad níos féinchothabhálaí. | **Droichead Nua**<br>**Léim an Bhradáin**<br>**Baile Chill Dara**<br>**Baile Átha Í** |
| **Bailte Féinchothabhálacha** | Is í an tsaintréith a bhaineann le Bailte Féinchothabhálacha go bhfuil leibhéil arda d'fhás daonra le tabhairt faoi deara iontu mar aon le bonn fostaíochta lag a bhraitheann ar cheantair eile d'fhostaíocht agus/nó do sheirbhísí agus a éilíonn infheistíocht 'chúitimh' spriocdhírithe ionas go mbeidh siad níos féinchothabhálaí. | **Cill Droichid**<br>**Cill Choca**<br>**Mainistir Eimhín**<br>**Claonadh** |
| **Bailte agus Sráidbhailte** | Is lonnaíochtaí iad Bailte agus Sráidbhailte a bhfuil feidhmeanna seirbhíse agus fostaíochta áitiúla acu | **Díseart Diarmada**<br>**Doire an tSoirn**<br>**Cill Chuillinn**<br>**An Chill**<br>**An Chorrchoill**<br>**Ráth Iomgháin**<br>**Na Solláin** |
| **Ceantair Thuaithe** | Is éard atá i gceist le ceantair thuaithe, sráidbhailte níos lú agus an réigiún tuaithe ginearálta | **E.g. Alúin**<br>**An Urnaí**<br>**Ráth Chofaigh** |

8 Chun teacht ar thuilleadh faisnéise maidir le croístraitéis Chill Dara, féach ar Phlean Forbartha Contae Chill Dara 20232029.


M4
Kilcock
Maynooth
Leixlip
Celbridge
Derrinturn
Prosperous
Clane
Sallins
Kill
N7
Naas
Rathangan
Newbridge
N81
Kildare
M7
Monasterevin
Kilcullen
M9
Athy
N78
Castledermot
Legend
Metropolitan Area
Multi-Model Transport Corridor
Rural Housing Policy Zone 1
Rural Housing Policy Zone 2
Settlement_Strategy
Key Town
Self Sustaining Growth Town
Self Sustaining Town
Town
Motorway
National Road
Regional Roads
Rail Line
Rivers
Canals
Kildare County Council
Planning & Strategic Development Department
Áras Chill Dara,
Devoy Park, Naas, Co Kildare.
0 4 8 12
County Development Plan 2023-2029
Core Strategy Map
Stage | Date | Description
County Development Plan | 28/01/2023 | Date the Plan comes into effect
County Development Plan | 09/12/2022 | Plan adopted by Elected Members
Ordnance Survey Ireland data reproduced under OSi Licence number CYAL50250173 © Ordnance Survey Ireland/Government of Ireland/Kildare County Council
Scale: N.T.S.
Map Ref: V1-2.1
Date: January 2023
Drawing No.: 200/22/1328
Drawn By: M O'Loughlin Date 28/01/2023
Checked By: L Crawford Date 28/01/2023
Approved By: C O'Donnell Date 28/01/2023
This drawing is to be read in conjunction with the written statement

Forbraíodh SSER ag féachaint d'infhaighteacht talún seirbhísithe go cuí, acmhainní, acmhainn na timpeallachta agus an bhonneagair. Tá seacht leibhéal lonnaíochta réigiúnacha ann, agus glactar le Cathair agus Bruachbhailte Bhaile Átha Cliath mar an lonnaíocht barrleibhéil sa réigiún. Tá formhór de Chontae Chill Dara lonnaithe laistigh den Chroíréigiún, níl ach dhá eisceacht: tá oirthuaisceart an chontae lonnaithe i Mórcheantar Uirbeach Bhaile Átha Cliath agus tá cuid d'iardheisceart an chontae lonnaithe sa Réigiún Tairsí. Aithnítear, dá réir sin, de bhrí go bhfuil codanna de Chill Dara le fáil i dtrí limistéar ainmnithe, .i. an Mórcheantar Uirbeach, an Croíréigiún agus an Réigiún Tairsí, go mbeidh tionchar ag treochtaí eacnamaíocha, sóisialta agus comhshaoil amach anseo uirthi agus go mbeidh tionchar aici orthu i roinnt ceantar i gconair an Oirthir/Lár na Tíre.


Sainaithnítear i **bPlean Straitéiseach an Mhórcheantair Uirbigh** (PSMU) roinnt réimsí forbartha cónaithe agus eacnamaíocha straitéiseacha mórscála a chuirfidh forbairt shuntasach ar fáil ar bhealach comhtháite agus inbhuanaithe sa mhórcheantar uirbeach. Tá Maigh Nuad (ar príomhbhaile é), Léim an Bhradáin, Cill Droichid agus Cill Choca mar chuid den cheantar uirbeach sin. Dá réir sin, forbróidh na bailte seo ar bhealach atá comhsheasmhach le PSMU agus ní mór do pháirtithe leasmhara an pointe tábhachtach sin a chur san áireamh nuair a bheidh an PÁEP seo á chur chun feidhme.

San áireamh sa **Chroíréigiún** tá na 'cúlchríocha' peirea-uirbeacha sa cheantar comaitéireachta mórthimpeall ar Bhaile Átha Cliath. Mar atá mínithe thuas, tá formhór Chill Dara i gceist anseo. Tá An Nás (an dara príomhbhaile sa chontae) le fáil sa Chroíréigiún. Leagtar béim ar an bpointe in SSER, go bhfuil roinnt ceantar forbartha mar bhailte comaitéireachta go príomha, ina bhfuil rátaí arda d›fhás daonra ach leibhéal lag seirbhísí do na cónaitheoirí. Beidh infheistíocht 'chúitimh' ag teastáil ó na bailte seo i bhfostaíocht agus i seirbhísí áitiúla ionas go mbeidh siad níos féinchothabhálaí agus ionas gur féidir soghluaisteacht inbhuanaithe a fheabhsú, go háirithe sna háiteanna sin ina bhfuil leibhéil arda spleáchais ar an gcarr. Beidh saintréithe uathúla bailte atá le fáil sa réigiún seo le breithniú ag páirtithe leasmhara an PÁEP seo freisin.

San áireamh sa **Réigiún tairsí** tá ceantair in iardheisceart an Chontae freisin. Is ceantair thuaithe den chuid is mó iad seo. Chomh maith leis sin, ní mór do pháirtithe leasmhara a bheith airdeallach ar shaintréithe uathúla na mbailte agus na sráidbhailte sa réigiún seo nuair a bheidh an PÁEP seo á chur chun feidhme acu.






Kildare County Council
Planning & Strategic Development Department
Áras Chill Dara,
Devoy Park, Naas, Co Kildare.

0 4 8 12

**County Development Plan 2023-2029**

**County Settlement Hierarchy Map**

| Stage | Date | Description |
| --- | --- | --- |
| County Development Plan | 28/01/2023 | Date the Plan comes into effect |
| County Development Plan | 09/12/2022 | Plan adopted by Elected Members |

Ordnance Survey Ireland data reproduced under OSi Licence Number CYAL50250173 © Ordnance Survey Ireland/Government of Ireland/Kildare County Council

| Scale: N.T.S. | Map Ref: V1-2.2 | |
| --- | --- | --- |
| Date: January 2023 | Drawing No.: 200/22/1327 | |
| Drawn By: M O'Loughlin Date 28/01/2023 | Checked By: L Crawford Date 28/01/2023 | Approved By: C O'Donnell Date 28/01/2023 |

**This drawing is to be read in conjunction with the written statement**

Mar atá mínithe i rannóg 3.1, tá fás daonra nach bhfacthas riamh cheana tugtha faoi deara i gCill Dara. I Réamh-mheastacháin Daonra Idirthréimhseacha PSMU, agus iad coigeartaithe ionas go mbeidh Cuspóir Beartais Náisiúnta (CBN) 68 á chomhlíonadh, tuartar daonra breise de suas le 10,000 duine ar Phríomhbhaile Mhaigh Nuad suas go dtí an bhliain 2031. Cinnfear an leithdháileadh daonra beacht trí Phlean Ceantair Áitiúil (PCÁ) a fhorbairt do Mhaigh Nuad. San áireamh in ullmhú an PCÁ beidh measúnuithe agus iniúchtaí mionsonraithe ar bhonneagar sóisialta agus fisiceach atá ar fáil. De réir Chuspóir CS O10 den Phlean Forbartha Contae, tá Comhphlean Ceantair Áitiúil do Mhá Nuad agus an ceantar máguaird á ullmhú faoi láthair i gcomhpháirt le Comhairle Contae na Mí. Is é Maigh Nuad an Crios Dícharbónaithe (CD) i bPlean um Ghníomhú ar son na hAeráide Chill Dara 2024-2029.[9]

Is í an sprioc thithíochta do Chontae Chill Dara ag deireadh an Phlean Forbartha Contae ná 9,144 aonad tithíochta, arb ionann é agus 25,146 duine breise. Is fianaise é sin ar fhás daonra leanúnach thar thréimhse ama an PÁEP seo.

Sa straitéis forbartha a bhfuil cur síos déanta uirthi sa Phlean Forbartha Contae, díreofar ar an méid seo a leanas:

- Mais chriticiúil i limistéar PSMU (Maigh Nuad, Léim an Bhradáin, Cill Droichid agus Cill Choca) agus i bPríomhbhaile an Náis agus Mhaigh Nuad.
- Fás tomhaiste le béim ar fhás eacnamaíoch sna bailte atá sainaitheanta mar Bhailte Fáis Féinchothabhálacha agus Bailte Féinchothabhálacha.
- Ordlathas de lonnaíochtaí tuaithe níos lú chun raon seirbhísí agus deiseanna fostaíochta a chur ar fáil dá ndaonraí áitiúla.
- Forbairt i gceantair thuaithe le béim ar éagsúlú talmhaíochta, fiontar tuaithe oiriúnach (e.g., táirgeadh fuinnimh in-athnuaite), agus treisiú bailte agus sráidbhailte atá forbartha cheana féin.
- An timpeallacht a chosaint trí na criosanna éagsúla lena mbaineann íogaireacht timpeallachta laistigh den chontae a chosaint ach gan úsáidí agus forbairt a d'fhéadfadh a bheith oiriúnach agus inghlactha ar shlí eile a chur as an áireamh.



9 *Is limistéar spáis é CD atá aitheanta ag an údarás áitiúil ina sainaithnítear raon beart maolaithe aeráide, oiriúnaithe agus bithéagsúlachta agus úinéirí gníomhaíochta chun aghaidh a thabhairt ar fhuinneamh ísealcharbóin áitiúil, ar astaíochtaí gás ceaptha teasa, agus ar riachtanais aeráide chun cabhrú le spriocanna náisiúnta um ghníomhú aeráide a chomhlíonadh*

Tá creat um beartas straitéiseach le fáil in Ordlathas Miondíola an Chontae do dháileadh spáis forbartha miondíola nua. Is fostóir agus rannpháirtí eacnamaíoch suntasach é an earnáil mhiondíola sa réigiún agus i gcontae Chill Dara.

Déantar cur síos sa SSER ar láir bailte leibhéal a dó agus leibhéal a trí agus leagtar amach in ordlathas miondíola an chontae a sainaithníodh i bPlean Forbartha Contae Chill Dara ceithre lár bailte agus sráidbhailte beaga leibhéal a ceathair. Tá cur síos déanta orthu sin thíos:

| Leibhéal | Ordlathas Miondíola do Chill Dara |
|---|---|
| **Leibhéal 2** | **Lár Bailte Móra agus Lár Bailte Contae (Príomhbhailte)**<br>An Nás, Droichead Nua, Maigh Nuad |
| **Leibhéal 3** | **Lár Bailte agus/nó Ceantair agus Lár Bailte Fochontae (Príomhbhailte Seirbhíse)**<br>Cill Droichid, Cill Choca, Baile Átha Í, Cill Dara, Mainistir Eimhín, Claonadh, Léim an Bhradáin, Cill Chuillinn |
| **Leibhéal 4** | **Lár Comharsanachta, Lárcheantair Áitiúla-Bailte agus Sráidbhailte Beaga**<br>**Lár Bailte Beaga**<br>Díseart Diarmada, An Chorrchoill, Ráth Iomgháin, Doire an tSoirn, An Chill agus Na Solláin<br>**Lár Sráidbhailte**<br>Teach Srafáin, Fiodh Alúine, Béal Átha an Tuair, An Baile Mór, Baile an Chrócaigh agus Baile Riobaird |
| **Leibhéal 5** | Siopaí Áitiúla/Sráidbhailte Beaga |

Beidh an phríomhbhéim i ndáil le fás fostaíochta i gCill Dara bunaithe ar Phríomhbhailte an Náis agus Mhaigh Nuad. Ní chiallaíonn sé seo nach mbeidh gnó agus forbairt pobail ghinearálta ag tarlú i suímh eile ach de bhrí go bhfuil an Nás agus Maigh Nuad ainmnithe mar Phríomhbhailte, tabharfar tús áite do na bailte seo. Chomh maith leis sin, sonraítear go soiléir sa Phlean Forbartha Contae go bhfuil sé mar aidhm leis ionaid fostaíochta a chomhshuíomh in aice le bailte agus pobail, agus ar an tslí sin, an gá atá le patrúin chomaitéireachta neamh-inbhuanaithe isteach sa chontae, laistigh den chontae nó ag fágáil an chontae a laghdú.

Pointe tábhachtach is ea go bhfuil an PÁEP comhsheasmhach leis an gcreat fáis agus forbartha do Chill Dara is go léirítear meas ar an gcreat ann. Bhí ardleibhéal comhoibrithe ag tarlú go hinmheánach in CCDC i rannóga atá freagrach as Plean Forbartha Contae 2023-2029 agus PÁEP 2024-2029 a fhorbairt. Tá cuspóirí ginearálta le fáil sa Phlean Forbartha Contae agus sa PÁEP a bhaineann le tacú le forbairt eacnamaíoch agus caighdeán na beatha a fheabhsú do phobail.

Beidh PÁEP mar bhonn eolais go sonrach do phleanáil caiteachais phoiblí mar aon le pleananna oibríochtúla eagraíochtaí a bhfuil baint acu le gníomhartha atá sonraithe sa phlean seo a chur i gcrích. Dá thoradh sin, beidh sé seo in ann tacú leis an dul chun cinn a dhéanfar i ndáil leis na cuspóirí atá le fáil sa Phlean Forbartha Contae a bhfuil sé mar aidhm leo tacú le forbairt eacnamaíoch agus phobail ar fud an chontae.

## 3.3 Beartais agus Pleananna Ábhartha Eile

Mar atá mínithe sa rannóg roimhe seo, rinneadh athbhreithniú ar na beartais ábhartha idirnáisiúnta, Eorpacha, náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla chun bonn eolais a chur ar fáil do PÁEP. Tá cur síos achomair le fáil thíos ar conas a chuir an t-athbhreithniú ar na beartais sin bonn eolais ar fáil d'fhorbairt PÁEP.

Is ionann **Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe** (SFINA), ar a dtugtar na Spriocanna Domhanda freisin, agus gairm ar ghníomh uilíoch chun deireadh a chur le bochtaineacht, an pláinéad a chosaint agus a chinntiú go mbaineann gach duine tairbhe as síocháin agus rathúnas. Soláthraíonn na spriocanna seo an creat domhanda uileghabhálach don chomhthéacs beartais lena mbaineann na PÁEPanna.




Chun na seacht sprioc dhéag seo a chomhlíonadh, ní mór déileáil le dúshláin chasta chun dul i ngleic leis an athrú aeráide, cailliúint na bithéagsúlachta agus aistriú cothrom/cóir go dtí sochaí iarcharbóin. Tá fianaise ar phrionsabail agus ar chuir chuige SFINA le fáil i raon creataí beartais AE. Dá réir sin, soláthraítear in SFINA an creat agus fís bheartais uileghabhálach dhomhanda sheachtrach, a mhúnlaíonn agus a threoraíonn ceapadh beartais ag leibhéal AE agus Náisiúnta mar thoradh.

Tá tionchar ag roinnt réimsí de bheartas AE ar phleananna atá bunaithe ar Chill Dara, PÁEP ina measc. Trí bheartais agus sruthanna maoinithe AE, tá na beartais seo ag cumasú, ag spreagadh ballstát agus ag cur dualgas orthu a bheith in ann déileáil ar bhealach níos fearr leis na turraingí atá ag tarlú faoi láthair agus a bhfuiltear ag súil go dtarlóidh siad amach anseo mar thoradh ar an athrú aeráide. Déantar iarracht sa **Chomhaontú Glas don Eoraip** gach earnáil den gheilleagar a dhreasú chun a bheith níos uaillmhianaí i dtaca lena lorg carbóin a laghdú agus táirgiúlacht a mhéadú agus deiseanna nua fostaíochta agus oiliúna a chruthú. Tá cuir chuige den chineál céanna le fáil i raon beartas AE eile lena n-áirítear an **Comhbheartas Talmhaíochta (CBT).**

Tá pleananna náisiúnta ailínithe le beartais AE agus, i ndiaidh phaindéim COVID 19, tá **An Plean Náisiúnta Téarnaimh agus Athléimneachta** dírithe go príomha ar straitéisí agus ar ghníomhartha a sholáthar chun freagairt do thrí thosaíocht chomhthrasnaithe:

1. Dlús a chur leis an Aistriú Glas.
2. Dlús a chur le agus forbairt a dhéanamh ar leasuithe agus ar chlaochlú digiteach.
3. Téarnamh sóisialta agus geilleagrach agus cruthú fostaíochta.

Tá sé tábhachtach go mbeadh cuspóirí agus gníomhartha PÁEP airdeallach ar na tosaíochtaí seo – lena n-áirítear pleananna chun tacú le grúpaí leochaileacha.

Is comhpháirt thábhachtach de roinnt straitéisí atá bunaithe i gCill Dara í **deis eacnamaíoch**, lena n-áirítear Straitéis Forbartha Eacnamaíche 2025 Chill Dara, Straitéis Dhigiteach Chontae Chill Dara 2022-2025, Straitéis Chultúrtha agus Chruthaitheachta Chill Dara, Plean Forbartha Fiontair Áitiúil Chill Dara 2021-2024, agus Straitéis Mhoil Chill Dara 2022-2025.

Tá bonn le fáil i **Straitéis Forbartha Eacnamaíche Chill Dara 2025** do thosaíochtaí Forbartha Eacnamaíche PÁEP. Is é an Plean Forbartha Contae atá mar bhonn leis an straitéis agus tá ról ríthábhachtach aige i ndáil le bonn eolais a chur ar fáil d'fhorbairt eacnamaíoch i gCill Dara.

Déantar cur síos sa **Straitéis Spáis agus Eacnamaíoch Réigiúnach (SSER) 2019-2031** ar thrí phrionsabal chomhthrasnaithe agus théamabhunaithe: a) deis eacnamaíoch, b) comhfhorbairt áite shláintiúil agus c) gníomhú ar son na haeráide. Tugtar aitheantas freisin don fhás suntasach atá tugtha faoi deara i gContae Chill Dara in imeacht na mblianta. Is léir ó nádúr comaitéireachta an chontae, a bhfuil cur síos déanta air i rannóg 3.2, go dtrasnaíonn Cill Dara réigiún an mhórcheantair uirbigh, an croíréigiún agus na réigiúin tairsí.





D'fhéadfadh PÁEP luach agus ábhar a chur le **Plean Fiontair Réigiúnaigh an Lár-Oirthir (2022-2024)** agus a leithéid de phleananna fiontair réigiúnaigh sa todhchaí. Tá ról lárnach ag an bplean fiontair seo chun bonn eolais a chur ar fáil don obair ag leibhéal áitiúil trí rannóg Fiontair CCCD agus a heagraíochtaí/tionscail chomhpháirtíochta. Tá sásraí le fáil sa phlean atá faoi láthair chun maoiniú náisiúnta a mhealladh i dtreo an réigiúin chun cabhrú leis a chúig chuspóir a chomhlíonadh – a) moil agraibhia, b) cruthú ábhair scáileáin, c) an earnáil eachaí, d) aistriú go dtí geilleagar ísealcharbóin agus e) éiceachóras fiontair dearfach. Is gnéithe láidre iad seo de chuspóirí eacnamaíocha an PÁEP seo.

Beidh impleachtaí forleithne ag **Plean um Ghníomhú ar son na hAeráide** na hÉireann agus ag an reachtaíocht ghaolmhar ar PÁEP. Faomhadh Plean um Ghníomhú ar son na hAeráide Chill Dara le déanaí agus tá sé ailínithe le beartais Náisiúnta agus AE. Ainneoin gur plean contae é seo, tá Maigh Nuad ainmnithe mar an crios dícharbónaithe don chontae. Bhí sineirgí láidre agus ardleibhéal comhoibrithe le tabhairt faoi deara in 2023 fad is a bhí an Plean um Ghníomhú ar son na hAeráide agus PÁEP á bhforbairt. Go deimhin, bhí cuspóirí Phlean um Ghníomhú ar son na hAeráide Chill Dara 2024-2029 mar bhonn le Sprioc Ardleibhéil 3 den PÁEP seo – "*Tacaíonn Contae Chill Dara le agus tugann sé tús áite do* ***GHNÍOMHÚ AR SON NA hAERÁIDE, CEARTAS AERÁIDE agus INBHUANAITHEACHT.***"

Tairgeann Ár dTodhchaí Tuaithe - Beartas Forbartha Tuaithe na hÉireann (2021-2025) creat tacúil do nascacht fhisiceach agus dhigiteach feabhsaithe. Bunaithe ar nádúr éagsúil agus comhpháirt tuaithe láidir Chill Dara, tá sé tábhachtach breithniú a dhéanamh ar an mbeartas sin agus PÁEP á chur i dtoll a chéile.

Chomh maith leis sin, cuireann an bhéim a leagtar sa SSER ar chomhfhorbairt áite le roinnt straitéisí atá bunaithe i gCill Dara lena n-áirítear **Plean Seirbhísí do Leanaí agus do Dhaoine Óga Chill Dara** (**CSLDÓ) 2023-2027, Straitéis Aoisbháúil Chill Dara 2023-2027, Straitéis Súgartha Chill Dara 2018-2028, Plean an Choiste Cúraim Leanaí Contae, Straitéis Forbartha Áitiúil Chlár Forbartha Tuaithe Chill Dara 2023-2027** agus **Straitéis um Lánpháirtiú Chontae Chill Dara 2021-2026.**


Déantar cur síos i **bPlean Forbartha Contae Chill Dara (2023-2029)** agus sna **Pleananna Ceantair Áitiúil** (PCAnna) gaolmhara ar an tábhacht a bhaineann le dlúthfhás agus ar an tóir atá ar sheirbhísí inrochtana sa cheantar áitiúil mar atá mínithe i bprionsabail "na lonnaíochta 10 nóiméad". Is léir go bhfuil tionchar aige seo ar an PÁEP de bhrí gur príomhdhúshlán atá le sárú ag gach gnó agus ag soláthraithe reachtúla agus san earnáil dheonach é pleanáil, acmhainní, seirbhísí a chur ar fáil agus a chothabháil ag an luas céanna leis an bhfás tapa atá tarlaithe.

Cuirtear infheistíocht shuntasach chun tithíocht a thógáil ar fáil sa **Phlean Tithíocht do Chách**. Tá forbairtí tithíochta leanúnacha á ndéanamh i gContae Chill Dara agus dá réir sin, tá na forbairtí seo ag éascú comhfhorbairt áite agus forbairt pobail atá riachtanach i dteannta le haon infheistíocht i mbonneagar fisiceach.

Déantar cur síos i **bPlean Gníomhaíochta um Sheachadadh Tithíochta 2022-2026** ar an tslí a gcomhlíonfaidh CCCD na cuspóirí a bhaineann le tithíocht shóisialta agus inacmhainne a chur ar fáil, folúntas agus dearóiliú a laghdú, agus cóiríocht shonrach a chur ar fáil do dhaoine scothaosta, don Lucht Siúil agus do dhaoine faoi mhíchumas. Gné thábhachtach do PÁEP í an bhéim seo ar ionchuimsiú sóisialta.

Ar deireadh, tá sprioc **SFINA** dar teideal "comhpháirtíocht le haghaidh na spriocanna" bunaithe ar phrionsabal an chomhoibrithe - ag leibhéal domhanda, réigiúnach, náisiúnta agus áitiúil. Beidh a leithéid de chomhoibriú riachtanach chun a chinntiú go n-éireoidh le cur chun feidhme PÁEP. Tá dea-theist ar Chill Dara i dtaca le gníomhaireachtaí in earnálacha reachtúla, pobail, deonacha a bheith ag obair lena chéile ar bhealach dearfach agus ag comhoibriú lena chéile ar spriocanna comhaontaithe. Bhí bunú CFPÁ mar bhonn leis an gcur chuige seo a fheabhsú. Tá sé beartaithe cur leis an obair chomhoibritheach seo as seo go ceann sé bliana.





# Cill Dara – Próifíl Shocheacnamaíoch



# 4. Cill Dara – Próifíl Shocheacnamaíoch

## 4.1 Brollach

Ar dtús, ceapadh an tIonad Breathnaithe um Thaighde Uile-Éireann (IBTUÉ) in Ollscoil Mhá Nuad chun foinsí faisnéise a shainaithint, a anailísiú agus a thiomsú agus chun léargas ginearálta mionsonraithe a thabhairt ar shaintréithe socheacnamaíocha an chontae do chéad PÁEP Chill Dara (2016-2021). Lean IBTUÉ ar aghaidh ag tacú leis an obair atá á déanamh ag CFPÁ Chill Dara agus ag CCCD trí shonraí nuashonraithe a chur ar fáil. Ní hamháin go gcuireann na sonraí seo bonn eolais ar fáil do phróisis phleanála a bhfuil CCCD freagrach astu, cosúil le Pleananna Forbartha Contae/Pleananna Ceantair Áitiúil, an Straitéis um Fhorbairt Eacnamaíoch agus PÁEP, cuireann siad bonn eolais ar fáil d'eagraíochtaí eile san earnáil reachtúil agus dheonach freisin, e.g., an Coiste Seirbhísí do Leanaí agus do Dhaoine Óga, Comhpháirtíocht LEADER Chill Dara.

In 2023, nuashonraigh IBTÚE tacair sonraí atá ar fáil agus chuir sé tuarascáil bonnlíne shocheacnamaíoch ar fáil chun bonn eolais a chur ar fáil don chéim ullmhúcháin d'fhorbairt an PÁEP seo. Nuashonraíodh na tacair sonraí bhonnlíne seo arís ag deireadh 2023/ag tús 2024 nuair a cuireadh Daonáireamh 2022 ar fáil. Is iad na sonraí cothrom le dáta seo atá mar bhonn lenár PÁEP. [10]


Mar gheall ar an obair leanúnach atá á déanamh ag Comhairle Contae Chill Dara le IBTUÉ is féidir measúnú comparáideach a dhéanamh idir Daonáirimh i ndiaidh a chéile agus díriú ar phróifíl dhéimeagrafach, oideachas, sláinte, geilleagar, tithíocht, timpeallacht, talmhaíocht agus díothú i gCill Dara. Tugann sé sin léargas soiléir ar an dul chun cinn agus ar na treochtaí a bhfuil tionchar acu ar fhorbairt leanúnach.

Tá grafaic eolais a ullmhaíodh mar chuid den anailís ar Dhaonáireamh 2022 le fáil ar an gcéad leathanach eile.



10 Tá tacair sonraí IBTUÉ a úsáideadh mar bhonn eolais do PÁEP Chill Dara 2024-2029 ar fáil ag https://kildarecoco.ie/AllServices/Community/KildareLCDC/LocalEconomicandCommunityPlan/

## 4.2 Grafaic Eolais-Daonáireamh 2022



# Próiseas Comhairliúcháin PÁEP Chill Dara



# 5. Próiseas Comhairliúcháin PÁEP Chill Dara

## 5.1 Brollach

San Acht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil, 2014, cuirtear saoránaigh, pobail áitiúla, gnóthaí agus comhoibriú i gcroílár an rialtais áitiúil. Dá réir sin, tá rannpháirtíocht páirtithe leasmhara sna próisis phleanála agus feidhmithe a bhaineann le PÁEP riachtanach.

Leag Grúpa Stiúrtha Comhairleach (GSC) Chill Dara, a bhfuil ionadaithe ó CFPÁ, CBS um Fhorbairt Eacnamaíoch, Fiontar agus Pleanáil agus príomhghníomhaireachtaí eile páirteach ann, béim shuntasach ar dhearcthaí grúpaí páirtithe leasmhara a bhailiú chun bonn eolais a chur ar fáil do PÁEP. Chinntigh sé sin go bhfuil an plean seo bunaithe ar an méid seo a leanas:

a. Faisnéis
b. Dearcthaí
c. Pleananna agus tosaíochtaí eile.

Ba é príomhaidhm an chomhairliúcháin i dtaca le PÁEP Chill Dara a fhorbairt ná dearcthaí a bhailiú chun bonn eolais a chur ar fáil don mhéid seo a leanas:


A. An Fhís agus na Spriocanna Ardleibhéil.
B. Cuspóirí agus gníomhartha PÁEP.

Forbraíodh dréachtfhís agus ceithre dhréachtsprioc ardleibhéil, a bhfuil cur síos déanta orthu thíos, mar chuid den ráiteas socheacnamaíoch agus úsáideadh iad mar bhonn don chomhairliúchán ar fad.

### Dréachtfhís PÁEP 2023-2029

> **"Contae Chill Dara; ag obair le chéile mar chontae inbhuanaithe, cothrom, sláintiúil agus bríomhar go heacnamaíoch ar mhaithe le cách."**

# Dréachtspriocanna Ardleibhéil PÁEP 2023-2029

| | | |
|---|---|---|
| **SAL 1** | Is **ÁIT** é Contae Chill Dara ina bhfuil pobail láidre ag caitheamh saoil atá iomlán, sláintiúil, comhtháite agus ionchuimsitheach. |  |
| **SAL 2** | Tacaíonn Contae Chill Dara le **DAOINE** chun barr a gcumais a bhaint amach ionas gur féidir leo taitneamh agus tairbhe a bhaint as ardchaighdeán saoil. |  |
| **SAL 3** | Tacaíonn agus tugann Contae Chill Dara tús áite don **GHNÍOMHÚ AR SON NA hAERÁIDE agus don INBHUANAITHEACHT**. |  |
| **SAL 4** | Meallann Contae Chill Dara an **INFHEISTÍOCHT** a theastaíonn chun a fhís a chomhlíonadh. |  |

## 5.2 An Próiseas Comhairliúcháin

Ghlac breis is 1,300 duine páirt sa chomhairliúchán mar chuid de PÁEP Chill Dara. Tá eolas maidir leis an rannpháirtíocht seo le fáil thíos:

### 5.2.1 Athbhreithniú ar Phleananna Eile a Cuireadh i dToll a Chéile le Déanaí

Aithníodh go bhfuil go leor páirtithe leasmhara atá nasctha le gnéithe pobail agus eacnamaíocha den phlean ag déileáil le “tuirse” chomhairliúcháin. Rinneadh comhairliúchán suntasach le blianta beaga anuas mar chuid de phróisis phleanála atá bunaithe i gCill Dara. Ina measc tá:

- Plean Forbartha Contae 2023-2029, Straitéis um Fhorbairt Eacnamaíoch 2025
- Straitéis Aoisbháúil 2023-2027
- Straitéis Cúraim Leanaí Chontae Chill Dara 2023-2026
- Plean an Choiste Seirbhísí do Leanaí agus do Dhaoine Óga 2023-2025
- An Straitéis Spáis Oscailte

Comhaontaíodh go ndéanfaí athbhreithniú ar na dearcthaí a léiríodh i rith na bpróiseas pleanála a cuireadh i gcrích le déanaí (ó 2020 ar aghaidh) mar chuid den chomhairliúchán do PÁEP Chill Dara. Bealach éifeachtúil agus éifeachtach a bhí anseo chun cur le próisis chomhairliúcháin mhionsonraithe d'fhonn a chinntiú go raibh dearcthaí a léiríodh i bpróisis a ailíníodh le déanaí á dtaifeadadh mar chuid de PÁEP.

### 5.2.2 Suirbhé Ar Líne

Forbraíodh suirbhé cáilíochtúil gearr ar líne chun dearcthaí na bpáirtithe leasmhara ar fad a thaifeadadh - dearcthaí an phobail go háirithe. D'fhág an cur chuige maidir leis an suirbhé seo go bhféadfaí dearcthaí a roinnt go saor agus go hoscailte. Scaipeadh an suirbhé ar go leor daoine trí úsáid a bhaint as ardáin meán sóisialta éagsúla, eagraíochtaí líonra, cainéil chumarsáide, gníomhaireachtaí stáit, comhlachtaí pobail agus deonacha, agus ionadaithe tofa. Fuarthas 869 freagra ar an suirbhé, sin ráta freagartha an-dearfach. Bhí an suirbhé oscailte i gcomhair naoi seachtaine.

### 5.2.3 Comhairliúchán Pobail agus Deonach

Chomhoibrigh Líonra Rannpháirtíochta Pobail (LRP) Chill Dara le GSC chun cúig cheardlann ar an láthair a eagrú – ceardlann amháin i ngach ceann de na cúig Cheantar Bhardasacha (CB) sa chontae. Ba é an cuspóir a bhí leis na ceardlanna seo dul i gcomhairle le grúpaí/eagraíochtaí chun tosaíochtaí a shainaithint chun bonn eolais a chur ar fáil do PÁEP agus d'Fhísráitis Folláine Pobail LRP don chontae.[11] Ghlac nócha a ceathair grúpa pobail/eagraíocht páirt sna ceardlanna. Tá cur chuige Chill Dara ag teacht le treoirlínte PÁEP (leathanach 26) *ina ndeirtear go bhfuil rannpháirtíocht le ráitis folláine LRP tábhachtach chun tacú le forbairt Spriocanna Ardleibhéil agus Cuspóirí Inbhuanaithe do PÁEP.*[12] Tá an cur chuige comhoibritheach a úsáideadh i gCill Dara ag obair chun an méid sin a dhéanamh agus arís baintear lántairbhe as comhairliúchán trí úsáid a bhaint as na dearcthaí a roinneadh chun bonn eolais a chur ar fáil d›fhorbairt PÁEP agus phlean LRP.

### 5.2.4 Comhairliúchán le Fostóirí agus le Gnóthaí

Ar aon dul leis an bprionsabal foriomlán de chomhchuibhiú agus ag cur le deiseanna chun rannpháirtíocht a dhéanamh leis an bpobal fostóirí/gnóthaí, úsáideadh raon imeachtaí líonraithe chun cabhrú le PÁEP a fhorbairt. Ina measc bhí:

- Fóram Fostóirí a d'oibrigh le nócha a dó úinéir gnó.
- Cruinniú Comhchéime IDC le sé chuideachta IDC atá lonnaithe i gCill Dara.
- Cruinnithe earnálacha le hocht ngnó dhéag.

11 In LRP Chill Dara forbraíodh fís fhoriomlán d'fholláine an phobail i gCill Dara, sa bhreis ar na físráitis shonracha CB. Chomh maith leis sin, comhaontaíodh ar thosaíochtaí faoi shé théama, ag leibhéal náisiúnta, do Chill Dara. Tá cóip den phlean ar fáil ag www.kildareppn.ie/wellbeing/

12 *Treoirlínte Phlean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail*, 2021 na Roinne Forbartha Tuaithe agus Pobail agus na Roinne Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta

### 5.2.5 Comhairliúchán le Gníomhaireachtaí agus faoin Struchtúr Comhoibríoch

Ainneoin go raibh sé mar aidhm leis an suirbhé, ceardlanna pobail agus deonacha, agus athbhreithnithe ar chomhairliúcháin a eagraíodh le haghaidh próiseas pleanála sonrach, teagmháil a dhéanamh le hionadaithe na ndaoine is eisiata, reáchtáladh sraith de chruinnithe spriocdhírithe duine le duine i rith Mheán Fómhair/Dheireadh Fómhair 2023 freisin. Ba é an aidhm a bhí leis na cruinnithe sin a chinntiú gur taifeadadh dearcthaí na ndaoine is eisiata, trína ngrúpaí ionadaíocha, eagraíochtaí agus fóraim den chuid is mó. San áireamh anseo bhí comhairliúchán le heagraíochtaí/grúpaí atá ag obair go díreach le leanaí agus daoine óga leochaileacha, daoine faoi mhíchumas, an Lucht Siúil, daoine gan dídean, inimircigh lena n-áirítear Úcránaigh, daoine dífhostaithe, mí-úsáideoirí substaintí, daoine atá ag déileáil le dúshláin mheabhairshláinte, tuismitheoirí aonair, agus daoine scothaosta. Tríd is tríd, ghlac dhá chéad agus tríocha is a haon duine aonair páirt sa phróiseas trí fhiche a haon eagraíocht/líonra difriúil. Tá eolas maidir leis na heagraíochtaí a ndeachthas i gcomhairle leo (agus líon na n-agallaithe i ngach ceann) le fáil ar an gcéad leathanach eile.[13]







13 Tabhair faoi deara: Tá ceithre Ionad Acmhainní Teaghlaigh (IAT) neamhspleácha i gCill Dara. Ghlac gach ionad páirt i gcruinniú comhchomhairle amháin. Tá eolas maidir leo le fáil ar an gcéad leathanach eile faoi lógó náisiúnta na IATanna.

Comhairle na nOg (145)

Cill Dara Aoisbháúil (4)

Grúpa Rochtana Chill Dara (4)

Sioncronaithe (1)

Comhpháirtíocht LEADER Chontae Chill Dara (3)

Grúpa Gníomhaíochta Lucht Siúil Chill Dara (2)

Iontaobhas McVerry (2)

Cumann Aoisbháúil Réigiún an Oirdheiscirt (1)

Coiste Seirbhísí Leanaí agus Daoine Óga (3)

Coiste Cúraim Leanaí Chontae Chill Dara (8)

Nasc Áitiúil Chill Dara Theas-Bhaile Átha Cliath (1)

An Roinn Coimirce Sóisialaí (2)

Tusla (3)

FSS (26)

Bord Oideachais agus Oiliúna Chill Dara agus Chill Mhantáin (3)

Comhairle Contae Chill Dara (17)

Tascfhórsa Réigiúnach Drugaí agus Alcóil an Iardheiscirt

Ionaid Acmhainní Teaghlaigh (4)

## 5.3 Torthaí an Chomhairliúcháin

Sholáthair an Ráiteas Socheacnamaíoch a ullmhaíodh i rith Chéim a hAon ("Ullmhúchán") an bhonnlíne a bhí mar bhonn le gach próiseas comhairliúcháin.

Mar a luadh roimhe seo, bhí dhá aidhm leis na comhairliúcháin le páirtithe leasmhara:

1. Bonn eolais a chur ar fáil don Fhís PÁEP agus do na Spriocanna Ardleibhéil deiridh.
2. Bonn eolais a chur ar fáil do Chuspóirí agus do Ghníomhartha Plean Feidhmithe PÁEP.

Tá níos mó mionsonraí faoi thorthaí an chomhairliúcháin le fáil thíos:


### 5.3.1 Toradh Comhairliúcháin a hAon: Bonn eolais a chur ar fáil don Fhís PÁEP agus do na Spriocanna Ardleibhéil deiridhs

Tríd is tríd, chomhaontaigh go leor daoine go soláthraíonn an dréachtfhís agus na ceithre dhréachtsprioc ardleibhéil a cuireadh i láthair bonn láidir don PÁEP deiridh.

Bhí daoine den tuairim go raibh an fhís cothrom, achomair, soiléir agus uaillmhianach. I rith na gcomhairliúchán tarraingíodh aird ar roinnt athruithe focal a bhí molta ar glacadh leo i rith an phlé a raibh sé mar aidhm leis an Fhís a chur i gcrích i mí na Samhna/mí na Nollag 2023.

Chomh maith leis sin, i rith na gcomhairliúchán tarraingíodh aird ar an tsástacht ghinearálta leis na ceithre sprioc ardleibhéil a moladh. Tugadh le fios sna dearcthaí go raibh na spriocanna ag teacht go héifeachtach le **comhfhorbairt áite** - pobal Chill Dara ag croílár an phlean, an t-athrú aeráide agus na hacmhainní agus an infheistíocht a theastaíonn a fháil chun go mbeifear in ann obair i gCill Dara agus maireachtáil inti. Ar aon dul leis an bhfís, rinneadh roinnt moltaí maidir le focail a athrú chun na spriocanna a moladh a threisiú seachas na moltaí a athrú nó a leasú go suntasach.

Ag cruinniú GSC a reáchtáladh i mí na Samhna 2023, breithníodh na torthaí ón gcéim chomhairliúcháin. Cuireadh Fís agus spriocanna Ardleibhéil deiridh i láthair agus cd'fhaomh CFPÁ agus an CBS um Fhorbairt Eacnamaíoch, Fiontar agus Pleanáil iad ag a gcruinnithe i mí na Samhna/mí na Nollag 2023. Tá eolas maidir leis an bhfís deiridh agus na ceithre sprioc ardleibhéil le fáil i rannóg a seacht.



### 5.3.2 Toradh Comhairliúcháin a Dó: Bonn Eolais a chur ar fáil do Chuspóirí agus Gníomhartha PÁEP

Anseo thíos tá achoimre ghearr le fáil ar na príomhthéamaí a tháinig chun cinn i rith an chomhairliúcháin. Déantar cur síos níos mionsonraithe sa tuarascáil chomhairliúcháin ar na téarmaí a tháinig chun solais.[14]

- Tarraingíodh aird go leanúnach ar an ngá atá le raon **áiseanna inrochtana, áitiúla agus bonneagar earnála poiblí**. Tugadh faoi deara nach raibh forbairt áiseanna agus bonneagair ag tarlú ag an ráta céanna le fás.
- Leagadh go leor béime ar dhúshláin a bhain le **rochtain a fháil ar sheirbhísí poiblí uilíocha agus speisialtóra**. Tarraingíodh aird ar na seirbhísí seo, go háirithe áiteanna i scoileanna áirithe, Dochtúirí Teaghlaigh, meabhairshláinte, cúram leanaí, míchumas agus rochtain ar sheirbhísí mí-úsáide alcóil/substaintí.
- Tarraingíodh aird ar **phobail chomhtháite agus inbhuanaithe** a fhorbairt chun tacú le forbairt pobail agus eacnamaíoch láidir agus chun tacú le **lánpháirtiú** mar thosaíocht.
- Tarraingíodh aird i rith an ama ar roghanna **iompair inbhuanaithe** agus **taistil ghníomhaigh** chun tacú leis an "mbaile 10 nóiméad", sláinte a fheabhsú, cabhrú le comaitéireacht agus inbhuanaitheacht aeráide.
- Tarraingíodh aird ar an ngá a bhí le **láithreáin fhéideartha** a fhorbairt chun críche athearraíochta, folúntas a laghdú agus déileáil le tailte tearcúsáidte d›fhorbairt thráchtála agus thionsclaíoch. Ar aon dul leis sin, tarraingíodh aird ar leanúint ar aghaidh ag tacú le Cill Dara mar **thionscnóir eacnamaíoch láidir**.
- Tarraingíodh aird ar an ngá a bhí le tacú le **stíleanna maireachtála sláintiúla** agus iad a chur chun cinn trí chláir a spriocdhíriú ar phobail/ar ghrúpaí ag a bhfuil drochthorthaí sláinte agus chun cur leis an spás inrochtana a bhí ar fáil chun páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí sláintiúla. Lena chois sin, cuireadh in iúl gur treocht atá ag fás é an gá atá ag fostaithe obair agus maireachtáil in áiteanna a thacaíonn le stíleanna maireachtála sláintiúla.
- Tugadh le fios gur cheart **timpeallacht ar ardchaighdeán** Chill Dara a aithint, a chothabháil agus a chur chun cinn, agus gur cheart go mbeadh bearta maolaithe agus oiriúnaithe don athrú aeráide ag croílár na forbartha pobail agus eacnamaíche.
- Dúshlán lenar bhain imní ar leith sa chontae ab ea freagairt don **pholarú** méadaithe idir «bocht» agus «saibhir» a bhí le brath ar an leibhéal náisiúnta.
- **Beartais agus cuspóirí** chun tacú le forbairt fiontair, an Bithgheilleagar Glas agus Ciorclach, Agraibhia agus Deochanna, Talmhaíocht agus an Tionscal Eachaí. Tarraingíodh aird go háirithe ar thacú le turasóireacht inbhuanaithe agus an fhéidearthacht a bhaineann leis sa Chontae a fheabhsú trí oidhreacht, Gormbhealaí/ Glasbhealaí, Tailte Portaigh, uiscebhealaí intíre agus Agrathurasóireacht.
- Tarraingíodh aird ar leith i rith an chomhairliúcháin ar an ngá a bhí le leanúint ar aghaidh le cuir chuige **chomhoibríocha** a fhorbairt, pleanáil a dhéanamh agus oibriú le gníomhaireachtaí agus earnálacha chun an leithdháileadh acmhainní a uasmhéadú.

14 Tá an tuarascáil chomhairliúcháin a ullmhaíodh mar chuid de Chéim a Dó le fáil ag https://kildarecoco.ie/AllServices/Community/KildareLCDC/LocalEconomicandCommunityPlan/

# Anailís ar PÁEP Chill Dara



# 6. Anailís ar PÁEP Chill Dara

Tarraingítear aird i measúnú ar na príomhdhoiciméid bheartais agus pleananna, próifíl shocheacnamaíoch Chill Dara, na torthaí ón bpróiseas comhairliúcháin agus an méid a foghlaimíodh ónár gcéad PÁEP, ar na láidreachtaí, dúshláin, deiseanna agus bagairtí (LDDB) a bhaineann le fás leanúnach Chill Dara mar chontae.

Glacadh le seirbhísí breise, bonneagar feabhsaithe, acmhainní leordhóthanacha, inbhuanaitheacht agus ionchuimsiú mar shaincheisteanna tosaíochta ón bpróiseas comhairliúcháin. Príomhthosaíocht eile is ea leanúint ar aghaidh le bonn eacnamaíoch láidir a fhorbairt de réir pleananna réigiúnacha agus áitiúla.

Léirítear san anailís LDDB thíos na príomhláidreachtaí, dúshláin, deiseanna agus bagairtí a mbeidh ar Chill Dara déileáil leo thar thréimhse an phlean seo.

## Láidreachtaí

- Contae atá ag fás go tapa.
- Ceann de na contaetha is óige leis an gcúigiú líon is airde leanaí agus daoine óga as measc na nÚdarás Áitiúil ar fad, idir 0-24 bliain d’aois.
- D’acmhainn aici caighdeán beatha maith a thairiscint do shaoránaigh/do chónaitheoirí.
- Daonra ardoilte.
- Ollscoil sheanbhunaithe – an ollscoil is mó fás in Éirinn.
- Suite i Mórcheantar Bhaile Átha Cliath.
- Bonneagar mótarbhealaí agus iarnróid lena mbaineann tábhacht náisiúnta.
- Neart roghanna iompair phoiblí ar fáil – seirbhís bus agus iarnróid ar fud an chontae.
- Ardleibhéil rannpháirtíochta sa lucht oibre – go háirithe i gceantair a bhfuil nasc maith acu le Baile Átha Cliath.
- Bonn Infheistíochta Dírí Coigríche an-láidir agus seanbhunaithe ag tairiscint deiseanna fostaíochta ar ardchaighdeán.
- Ioncam diúscartha os cionn an mheáin.
- Gnóthaí teaghlaigh láidre / Fiontair Bheaga agus Mheánmhéide in go leor pobal.
- Nascacht mhaith leathanbhanda, lena n-áirítear ó sholáthraithe tráchtála.
- Earnáil láidir talmhaíochta agus eachaí.
- Leibhéal de stoc tithíochta ar ardchaighdeán ag fás ag a bhfuil rátáil ard RFF.
- Acmhainní nádúrtha a chuireann dlús le gníomhaíochtaí eacnamaíocha agus a thairgeann spásanna áineasa agus caighdeán maireachtála maith do shaoránaigh.

## Dúshláin

- Brúnna déimeagrafacha agus acmhainní a bhaineann le héifeachtaí iarmharta ó bheith i Mórcheantar Bhaile Átha Cliath.
- Níl seirbhísí bonneagair agus áitiúla in ann freastal ar éileamh atá ag méadú go tapa.
- Éagothroime spáis inmheánach i ndáil le beogacht dhéimeagrafach agus eacnamaíoch, agus níl CB Bhaile Átha Í agus go leor d›Iardheisceart Chill Dara chomh láidir leis na CBanna sa chuid eile den chontae.
- Níos mó spleáchais ar ghrúpa níos lú oibrithe deonacha chun seirbhísí pobail a chur ar fáil.
- Dóthain cóiríochta a chur ar fáil do dhaoine atá ag teacht chun na tíre ón Úcráin, daoine a bhfuil cosaint idirnáisiúnta á lorg acu, turasóirí agus cuairteoirí eile.
- Náisiúnaigh choigríche a ionchuimsiú go rathúil.
- Leibhéil an-arda de dhaoine a úsáideann carranna, comaitéireacht amach agus timaistir an-fhada.
- Ganntanas roghanna iompair phoiblí chun freastal ar cheantair ar fud an chontae.
- Níos mó fadhbanna inacmhainneachta san earnáil tithíochta - áitíocht úinéara agus cíos.
- Spleáchas ar thacaíocht ÍCT trí thithíocht ar cíos san earnáil phríobháideach.
- Ardleibhéil de spleáchas ioncaim teaghlaigh ar thacaíocht leasa shóisialaigh agus pinsin Stáit - i ndeisceart an chontae go háirithe.
- Míbhuntáiste leanúnach agus idirghlúine agus achar ón margadh fostaíochta i roinnt pobal uirbeach agus tuaithe.
- Bonn eacnamaíoch cúng agus laigí eacnamaíocha struchtúrtha i gcodanna de Dheisceart agus d’Iarthar Chontae Chill Dara – spleáchas ar thionscal príomhúil agus tánaisteach (Talmhaíocht, Déantúsaíocht agus Tógáil).
- Oibrithe oilte a mhealladh agus a choinneáil in earnálacha áirithe.
- Bithéagsúlacht agus dúshláin aeráide.



## Deiseanna

- Lántairbhe a bhaint as an mbonn daonra de dhaoine óga agus oilte.
- Níos mó tairbhe a bhaint as oidhreacht agus féiniúlacht chultúrtha an chontae agus níos mó béime a leagan ar mhórtas ceantair, go háirithe i measc daoine atá dírithe tar éis cur fúthu sa cheantar.
- Tairbhe a bhaint as an méadú ar eolas agus ar chaipiteal cultúrtha a bhaineann le hinimirce - náisiúnaigh choigríche go háirithe.
- Lántairbhe a bhaint as scileanna, fuinneamh, taithí agus an méid ama atá ar fáil ag ár ndaonra scothaosta chun tacú le forbairt pobail agus chun dlús a chur le hobair dheonach.
- Cur leis na deiseanna a bhaineann le fás tapa agus aitheantas branda Ollscoil Mhá Nua mar ollscoil Éireannach nuálach atá ag cur deiseanna oideachais ar fáil do mhic léinn ó gach cúlra socheacnamaíoch.
- An oiread tairbhe agus is féidir a bhaint as na deiseanna a bhaineann le CBanna Dheisceart agus Iarthar Chill Dara a bheith páirteach i gCiste um Aistriú Cóir an AE
- Leanúint ar aghaidh le hearnáil oideachais láidir a fhorbairt a fhreagraíonn do raon leathan riachtanas oideachais.
- Fás agus deiseanna eacnamaíocha leanúnacha a bhaineann le fás daonra.
- Tairbhe a bhaint as infheistíochtaí a chuirtear ar fáil faoi Éire 2040.
- Forbairt a dhéanamh ar an mbonneagar iarnróid atá ann cheana féin chun cur leis an rochtain ar iompar poiblí agus deiseanna taistil ghníomhaigh.
- Cur le láidreachtaí Chill Dara agus a bheith aitheanta mar phríomhthionscnóir eacnamaíoch sa Stát.
- Dlús a chur le giniúint fuinnimh athnuaiteán - ag scála mór agus pobail.
- Fuinneamh in-athnuaite feirme gréine a fhorbairt sa chontae.
- An geilleagar ciorclach agus an bithgheilleagar ag cruthú poist nuálacha.
- Tairbhe a bhaint as an bhféidearthacht a bhaineann le hobair chónasctha / cianobair agus leis na tionscail chruthaitheacha mar chuid de chur chuige straitéiseach níos ginearálta chun meath daonra a chosc agus a aisiompú i bpobail tuaithe.
- Ceantar Tuaithe Chill Dara a chur chun cinn agus a chosaint.
- Branda agus tairiscintí turasóireachta Chontae Chill Dara a fhorbairt agus a threisiú (Sean-Oirthear na hÉireann) – cur leis an mbonneagar atá forbartha cheana féin agus Glasbhealaí, Bealaí Portaigh agus Gormbhealaí a chur chun cinn.
- Cur le rannpháirtíocht feirmeoirí i dtionscnaimh éiceolaíocha éagsúla agus feirmeoireacht ardluacha dúlra a chur chun cinn agus luach saothair oiriúnach a chur ar fáil do sheirbhísí éiceolaíocha.

## Bagairtí

- Tuiscintí seachtracha go bhfuil gach cuid den chontae rachmasach
- Seirbhísí poiblí (sláinte, oideachas, seirbhísí sóisialta etc.) agus bonneagar nach bhfuil ag forbairt ag an ráta céanna le fás agus éileamh daonra.
- Tionchar an leibhéil ísil de sholáthar seirbhíse chun daoine a mhealladh agus chun tacú leo chun maireachtáil agus a bheith ag obair i gCill Dara.
- Easpa ullmhúcháin, don daonra atá ag dul in aois.
- Maoirseacht ar cheisteanna agus ar riachtanais tuaithe mar gheall ar éilimh agus ar ionchais ó cheantair uirbeacha.
- Nascacht iompair theoranta thuaidh-theas agus soir/siar, iompar poiblí go háirithe.
- Bochtaineacht bia agus breosla mar gheall ar chostas maireachtála atá ag ardú.
- Na daoine nach bhfuil an acmhainn acu aistriú á bhfágáil ar gcúl mar gheall ar an athrú aeráide – uirlis éagothroime eile.
- Cuireann ioncam íseal agus nascacht iompair phoiblí lag cumas go leor teaghlach chun aistriú cóir a dhéanamh go hastaíochtaí saor ó charbón i mbaol.
- Brúnna éiceolaíocha mar gheall ar éilimh ar acmhainní in áiteanna eile, go suntasach i Mórcheantar Bhaile Átha Cliath.

Soláthraíonn an anailís LDDB seo forléargas a bheidh in úsáid mar bhonn eolais don fhís deiridh, spriocanna ardleibhéil agus cuspóirí inbhuanaithe gaolmhara atá curtha i láthair sa chéad rannóg eile den phlean



# Fís agus Spriocanna Ardleibhéil PÁEP Chill Dara



# 7. Fís agus Spriocanna Ardleibhéil PÁEP Chill Dara

## 7.1 Fís

Seo a leanas fís PÁEP Chill Dara 2024-2029:

Contae Chill Dara; ag obair le chéile mar phobal inbhuanaithe, ionchuimsitheach, bríomhar ó thaobh na heacnamaíochta de, sláintiúil do chách.


Gaolmhar leis an bhfís seo tá ceithre sprioc ardleibhéil, a bhfuil cur síos déanta orthu thíos.



Is **ÁIT** é Contae Chill Dara ina bhfuil pobail láidre ag caitheamh saol atá iomlán, sláintiúil agus ionchuimsitheach.



Tacaíonn Contae Chill Dara le **DAOINE** chun barr a gcumais a bhaint amach agus tairbhe a bhaint as ardchaighdeán saoil ag gach céim dá saol.



Tacaíonn Contae Chill Dara le **GNÍOMHÚ AR SON NA hAERÁIDE, CEARTAS AERÁIDE AGUS INBHUANAITHEACHT** is tugann sé tús áite dóibh.



County Kildare attracts the **RESOURCES and INVESTMENT** to be a sustainable, inclusive, economically vibrant community for all.

## 7.2 Sprioc Ardleibhéil 1



Is **ÁIT** é Contae Chill Dara ina bhfuil pobail láidre ag caitheamh saol atá iomlán, sláintiúil agus ionchuimsitheach.

**Comhthéacs**

Is é an aidhm atá leis an sprioc seo a chinntiú gur **ÁIT** é Cill Dara ina mbeidh rath ar chónaitheoirí, fostóirí agus fostaithe.

Tá an sprioc seo ag teacht le Straitéis Spáis agus Eacnamaíoch Réigiúnach 2019-2031, ina dtugtar tús áite do **Chomhfhorbairt Áite**. Chomh maith leis sin, aithnítear sa straitéis an ról atá ag bonneagar sóisialta i bpobail láidre agus ionchuimsitheacha a fhorbairt ina bhfuil deiseanna eacnamaíocha ag daoine agus ar mian leo a bheith ina gcónaí iontu. Chomh maith leis sin, déantar cur síos sa Chreat Náisiúnta Pleanála ar an tábhacht a bhaineann le hoideachas, saoráidí cúraim leanaí agus bonneagar gaolmhar chun bochtaineacht agus eisiamh sóisialta a mhaolú.

Tá an sprioc seo nasctha go dlúth le Plean Forbartha Contae Chill Dara 2023-2029 freisin, ina leagtar béim ar an mbaile 10 nóiméad, mar aon le Straitéis Forbartha Eacnamaíoch Chill Dara 2025, ina dtarraingítear aird ar an ngá atá le hinfheistíocht leanúnach chun tionscal a mhealladh agus choimeád.

Tríd an anailís sonraí agus comhairliúchán, sainaithníodh forbairt leantach bhonneagar, sheirbhísí, nascacht agus spásanna áineasa Chill Dara mar phríomhthosaíocht go leanúnach. Tarraingíodh aird ar leith ar thús áite a thabhairt do cheantair inar tharla fás suntasach agus pobail atá eisiata go sóisialta. Dá réir sin, croíchuspóir don chéad sé bliana eile i gCill Dara é **Comhfhorbairt Áite** dhearfach.

### 7.2.1 Sprioc Ardleibhéil 1- Cuspóirí Inbhuanaithe

Tá ocht gcuspóir dhéag ar fad sonraithe faoin sprioc seo. Baineann seacht gcuspóir go sonrach leis an bpobal, baineann cúig chuspóir le forbairt eacnamaíoch, agus tá sé chuspóir roinnte a bhaineann le forbairt pobail agus eacnamaíoch.

**Cuspóirí Pobail Inbhuanaithe**

**1.1** Dlús a chur le Plean Forbartha Contae Chill Dara 2023-2029 chun forbairt a dhéanamh ar raon saoráidí sóisialta a bhfuil rochtain ag gach duine orthu, ar féidir úsáidí éagsúla a bhaint astu agus atá ionchuimsitheach. San áireamh anseo tá saoráidí pobail, ealaíon/cultúrtha, músaem, fiontair, spóirt, ionaid acmhainní

teaghlaigh, saoráidí cúraim leanaí agus áineasa atá gar do na pobail a bhfuil siad ag freastal orthu.[15] Chomh maith leis sin, tacóidh na saoráidí seo le hionchuimsiú sóisialta agus le forbairt fiontar.

**1.2** Cur leis na saoráidí súgartha do leanaí, spásanna do dhéagóirí, páirceanna spóirt, spásanna cathartha, ionaid aclaíochta faoin aer, spás oscailte agus trealamh aclaíochta d'aosaigh ag suímh lárnacha atá inrochtana do chách agus a thacaíonn le hionchuimsiú sóisialta.[16]

**1.3** Tacú le forbairt leanúnach agus uasghrádú saoráidí leabharlainne atá ar fáil cheana féin ag suímh inrochtana lárnacha agus a n-úsáid mar phríomhéascaitheoirí do ghníomhaíochtaí pobail, ealaíon, oideachais, sóisialta agus cultúrtha a spreagadh.

**1.4** Freastal ar riachtanais na leanaí scoile agus na ndaoine óga ar fad ar fud an chontae, ag díriú go háirithe ar cheantair ardfháis, trí phleanáil ghníomhach a dhéanamh d'fhorbairt agus do thógáil scoileanna atá suite go lárnach a thacaíonn le rochtain iompair inbhuanaithe trí chomhoibriú leanúnach leis an Roinn Oideachais agus Leanaí, Bord Oideachais agus Oiliúna Chill Dara agus Chill Mhantáin agus patrúin infheidhme eile.

**1.5** Cur leis an raon agus leis na cineálacha saoráidí cúraim leanaí atá ar fáil ar fud an chontae, go háirithe i gceantair ardfháis, chun cur ar chumas leanaí forbairt go cothrom agus tacú le tuismitheoirí filleadh ar fhostaíocht, oideachas/oiliúint agus dualgais chúraim.

**1.6** Cur le soláthar agus raon na saoráidí/na seirbhísí cúraim leanaí agus cúraim do dhaoine scothaosta ar fud an chontae, go háirithe i gceantair ardfháis agus áit a sainaithnítear easnaimh sheirbhíse. Freastalóidh siad seo ar riachtanais cúraim sláinte ghinearálta i rith thimthriall na beatha agus do riachtanais sláinte shonracha cosúil le meabhairshláinte, andúil agus míchumas.

**1.7** Leanúint ar aghaidh ag obair leis an Rialtas láir, Gníomhaireachtaí Stáit ábhartha, eagraíochtaí agus pobail áitiúla chun tacú le soláthar cóiríochta agus seirbhísí eile d'Iarratasóirí ar Chosaint Idirnáisiúnta agus Tairbhithe Cosanta Sealadaí ón Úcráin agus chun tacú lena n-ionchuimsiú eacnamaíoch agus pobail fadtéarmach.

## Cuspóirí na Forbartha Eacnamaíche Inbhuanaithe

**1.8** Líonra cuimsitheach agus comhtháite de mhoil chianoibre a bhunú agus suímh oiriúnacha a shainaithint agus tacú le saoráidí oibre comhionaid atá bunaithe cheana féin, mar aon le moil dhigiteacha/r-mhoil agus ionaid ríomhoibrithe ar fud an chontae, agus díriú ar fhostóirí atá lonnaithe sa chathair agus obair sholúbtha, áitiúil a chur chun cinn.

15 Nasctha leis an mbaile 10 nóiméad a bhfuil cur síos déanta air i bPlean Forbartha Contae Chill Dara 2023-2029 agus Tús Áite do Lár an Bhaile.

16 ibid

**1.9** Tacú le forbairt eacnamaíoch ar fud an chontae agus a leithéid d'fhorbairt a chur chun cinn, agus díriú go háirithe ar cheantair ina bhfuil an rannpháirtíocht eacnamaíoch lag agus áiteanna nach bhfuil gníomhaíocht eacnamaíoch thraidisiúnta inmharthana/inbhuanaithe níos mó, e.g., de bhrí gur cuireadh deireadh leis an tionscal móna.

**1.10** Chun forbairt agus cothabháil na tairisceana miondíola i gContae Chill Dara a éascú agus chun tacú léi.

**1.11** Chun Cill Dara a fhorbairt agus a chur chun cinn mar cheann scríbe miondíola atá mealltach agus aoisbháúil.

**1.12** Forbairtí úsáide measctha a spreagadh agus tacú le teaghaisí os cionn foirgnimh aghaidhe siopa chun maireachtáil uirbeach a athghiniúint agus chun cur le hinfhaighteacht tithíochta i mbailte agus i sráidbhailte.

## Cuspóirí Comhroinnte Inbhuanaithe na Forbartha Pobail agus Eacnamaíche

**1.13** Tithíocht atá ar ardchaighdeán, inrochtana, inbhuanaithe agus neamhdhíobhálach don timpeallacht a chur ar fáil chun freagairt do na héilimh thithíochta éagsúla agus láidre atá i gCill Dara, agus freastal go háirithe orthu siúd a bhfuil riachtanais chóiríochta speisialta acu.[17]

**1.14** Dlús a chur leis an mbeartas a bhfuil cur síos déanta air i bPlean Forbartha Contae Chill Dara 2023-2029 trí bhonneagar oiriúnach a chur ar fáil chun tacú le forbairt inbhuanaithe trí ghluaiseacht go dtí, ón agus tríd an gcontae a éascú, ar bhealach atá inrochtana do gach duine agus a thugann tús áite do shiúl, rothaíocht agus iompar poiblí.

**1.15** Iarnród Éireann agus gníomhaireachtaí iompair eile a spreagadh agus tacú leo chun tionscadail iompair inbhuanaithe a sheachadadh sa chontae cosúil le tionscadail Dart+West agus Bus Connects.

**1.16** Leanúint ar aghaidh leis an mbonneagar a fhorbairt agus úsáid a bhaint as na Glasbhealaí/Gormbhealaí/Bealaí Portaigh agus as na bailte/na sráidbhailte máguaird mórthimpeall an chontae chun tacú le fostaíocht, turasóireacht agus stíleanna maireachtála sláintiúla.

**1.17** Tacú le sábháilteacht ár saoránach trí sheirbhísí de chuid an Gharda Síochána agus seirbhísí dóiteáin agus éigeandála a chur ar fáil atá ag teacht le riachtanais chontae atá chomh mór leis an gcontae seo.

**1.18** An bonneagar leathanbhanda agus teileachumarsáide ar ardchaighdeán ar fud an chontae a fheabhsú.

17 Daoine níos sine, daoine faoi mhíchumas, daoine gan dídean, an Lucht Siúil, daoine a bhfuil cóiríocht éigeandála ag teastáil uathu, daoine atá ag déileáil le foréigean baile.

| Tag. an Chuspóra Inbhuanaithe | Pobal - CFPÁ | Eacnamaíoch - CBS um Fhorbairt Eacnamaíoch, Fiontar agus Pleanáil | Comhroinnte - Forbairt Pobail/Eacnamaíoch |
|---|---|---|---|
| 1.1 | ✓ | | |
| 1.2 | ✓ | | |
| 1.3 | ✓ | | |
| 1.4 | ✓ | | |
| 1.5 | ✓ | | |
| 1.6 | ✓ | | |
| 1.7 | ✓ | | |
| 1.8 | | ✓ | |
| 1.9 | | ✓ | |
| 1.10 | | ✓ | |
| 1.11 | | ✓ | |
| 1.12 | | ✓ | |
| 1.13 | | | ✓ |
| 1.14 | | | ✓ |
| 1.15 | | | ✓ |
| 1.16 | | | ✓ |
| 1.17 | | | ✓ |
| 1.18 | | | ✓ |

## Alignment of High Level Goal One with key plans and the UN Sustainable Development Goals

| Tag. Chuspóir an PÁEP | SSER | Plean Forbartha Contae Chill Dara 2023-2029 | Straitéis Forbartha Eacnamaíoch Chill Dara 2025 | Plean um Ghníomhú ar son na hAeráide Chill Dara 2024-2029 | Pleananna Eile[18] (Bunaithe ar suas leis na cúig phlean áitiúla is ábhartha) | Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na NA (Bunaithe ar suas leis na ceithre sprioc is ábhartha) |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **1.1** | CBR 9.13, 9.14, 9.17, 9.20, 9.24 | SC P2, P3, P5 | | Sprioc 2 | • Straitéis Aoisbháúil Chontae Chill Dara 2023-2027<br>• Straitéis Ealaíon CCCD 2023-2027<br>• Plean CSLDÓ Chill Dara 2023-2025<br>• Clár um Fhorbairt Tuaithe Chill Dara SFÁ 2023-2027 | 1 No Poverty; 3 Good Health and Well-Being; 10 Reduced Inequalities; 11 Sustainable Cities and Communities |
| **1.2** | CBR 9.16,9.17 | SC P4 | | | • Straitéis Aoisbháúil Chontae Chill Dara 2023-2027<br>• Plean Chill Dara Sláintiúil 2022-2026<br>• Plean CSLDÓ Chill Dara 2023-2025<br>• Straitéis Súgartha CCCD 2018-2028<br>• Plean Straitéiseach Comhpháirtíochta Spóirt Chill Dara 2022-2023 | 1 No Poverty; 3 Good Health and Well-Being; 10 Reduced Inequalities; 11 Sustainable Cities and Communities |
| **1.3** | CBR 9.14,9.24 | SC P10, P11 | | | • Straitéis Ealaíon CCCD 2023-2027<br>• Plean Forbartha Leabharlann Chill Dara 2024-2028 | 3 Good Health and Well-Being; 4 Quality Education; 10 Reduced Inequalities; 11 Sustainable Cities and Communities |
| **1.4** | CBR 9.21 | SC P12 | | | • Ráiteas Straitéise BOOCDCM 2020-2024<br>• Plean CSLDÓ Chill Dara 2023-2025 | 1 No Poverty; 4 Quality Education; 10 Reduced Inequalities; 11 Sustainable Cities and Communities |
| **1.5** | CBR 9.20 | SC P13 | | | • Plean CSLDÓ Chill Dara 2023-2025<br>• Plean Straitéiseach CCCD 2023-2026 | 1 No Poverty; 4 Quality Education; 10 Reduced Inequalities; 11 Sustainable Cities and Communities |

18 I gcásanna ina bhfuil roinnt pleananna ailínithe, déantar cur síos ar na ceithre phlean is ábhartha.
Tá Líonra Rannpháirtíochta Pobail Chill Dara, Fís d'Fholláine Phobail Chill Dara, 2023, ailínithe le líon mór cuspóirí a bhaineann leis na ceithre sprioc. Thacaigh an cur chuige comhoibríoch maidir le comhairliúchán pobail le sineirgí a bhain leis an dá phróiseas pleanála, féach rannóg 5.2.3.

## Fís agus Spriocanna Ardleibhéil PÁEP Chill Dara

| Tag. Chuspóir an PÁEP | SSER | Plean Forbartha Contae Chill Dara 2023-2029 | Straitéis Forbartha Eacnamaíoch Chill Dara 2025 | Plean um Ghníomhú ar son na hAeráide Chill Dara 2024-2029 | Pleananna Eile[18] (Bunaithe ar suas leis na cúig phlean áitiúla is ábhartha) | Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na NA (Bunaithe ar suas leis na ceithre sprioc is ábhartha) |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 1.6 | CBR 9.12,9.13,9.23 | SC P6, P14 | | | • Straitéis Aoisbháúil Chontae Chill Dara 2023-2027<br>• Plean Chill Dara Sláintiúil 2022-2026<br>• Plean CSLDÓ Chill Dara 2023-2025<br>• Plean ECSP7 FSS | 1 No Poverty; 3 Good Health and Well-Being; 10 Reduced Inequalities; 11 Sustainable Cities and Communities |
| 1.7 | CBR 9.3,9.6 | HO P8 | | | • Straitéis um Lánpháirtiú Chontae Chill Dara 2020-2026<br>• FSS - Plean ECSP7<br>• Plean CSLDÓ Chill Dara 2023-2025<br>• Plean Straitéiseach CCCD 2023-2026 | 1 No Poverty; 6 Clean Water and Sanitation; 10 Reduced Inequalities; 11 Sustainable Cities and Communities |
| 1.8 | CBR 4.51, 6.5, 6.6, 6.29, 6.30, 6.31 | RE P5,P6, P8 | Spriocanna 1, S3 | Sprioc 2 | • Straitéis Dhigiteach Chill Dara Nasctha 2023-2025 | 3 Good Health and Well-Being; 4 Quality Education; 8 Decent Work and Economic Growth; 9 Industry, Innovation and Infrastructure |
| 1.9 | CBR 6.2, 6.4, 6.5, 6.7, 6.38, 7.25 | RE P1, P2, P3, P4, P7,<br>RD P1 | Spriocanna 1, S3, S6 | Sprioc 4 | • Clár um Fhorbairt Tuaithe Chill Dara SFÁ 2023-2027 | 1 No Poverty; 3 Good Health and Well-Being; 8 Decent Work and Economic Growth; 10 Reduced Inequalities |
| 1.10 | CBR 4.27, 4.34, 6.10, 6.11 | RET P1, P2, | Sprioc 7 | | | 8 Decent Work and Economic Growth; 9 Industry, Innovation and Infrastructure; 11 Sustainable Cities and Communities |
| 1.11 | CBR 4.27, 4.34, 6.10. 6.11, 9.12, 9.13 | RET P1, P2, P4 | Sprioc 7 | | • Straitéis Aoisbháúil Chontae Chill Dara 2023-2027 | 8 Decent Work and Economic Growth; 9 Industry, Innovation and Infrastructure; 10 Reduced Inequalities; 11 Sustainable Cities and Communities |
| 1.12 | CBR 4.36,6.14 | RET P1, P2<br>HO P5 | | | | 8 Decent Work and Economic Growth; 9 Industry, Innovation and Infrastructure; 11 Sustainable Cities and Communities; 13 Climate Action |

| Tag. Chuspóir an PÁEP | SSER | Plean Forbartha Contae Chill Dara 2023-2029 | Straitéis Forbartha Eacnamaíoch Chill Dara 2025 | Plean um Ghníomhú ar son na hAeráide Chill Dara 2024-2029 | **Pleananna Eile**[18] (Bunaithe ar suas leis na cúig phlean áitiúla is ábhartha) | **Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na NA** (Bunaithe ar suas leis na ceithre sprioc is ábhartha) |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **1.13** | CBR 5.4, 5.5, 9.3, 9.4, 9.5, 9.6 | SC P7,<br>HO P3, P7, P8 | | Sprioc 2 | • Straitéis Aoisbháúil Chontae Chill Dara 2023-2027<br>• Plean Gníomhaíochta do Dhaoine gan Dídean an Lár-Oirthir 2021-2023<br>• Straitéis um Lánpháirtiú Chontae Chill Dara 2020-2026<br>• Straitéis um Ionchuimsiú an Lucht Siúil agus na Romach Chontae Chill Dara 2019-2023 | 1 NO POVERTY; 3 GOOD HEALTH AND WELL-BEING; 5 GENDER EQUALITY; 11 SUSTAINABLE CITIES AND COMMUNITIES |
| **1.14** | CBR 5.3, 8.2 ,8.3, 8.13, 9.1, 9.10 | TM P1, TM P3 | Sprioc 8 | Sprioc 2 | • Straitéis Aoisbháúil Chontae Chill Dara 2023-2027<br>• Plean Chill Dara Sláintiúil 2022-2026<br>• Clár um Fhorbairt Tuaithe Chill Dara SFÁ 2023-2027<br>• Plean Straitéiseach Comhpháirtíochta Spóirt Chill Dara 2022-2023 | 3 GOOD HEALTH AND WELL-BEING; 9 INDUSTRY, INNOVATION AND INFRASTRUCTURE; 11 SUSTAINABLE CITIES AND COMMUNITIES; 13 CLIMATE ACTION |
| **1.15** | CBR 5.2, 8.8, 8.9 | TM P3 | | Sprioc 2 | • Straitéis Turasóireachta Chontae Chill Dara 2022-2026 | 8 DECENT WORK AND ECONOMIC GROWTH; 9 INDUSTRY, INNOVATION AND INFRASTRUCTURE; 11 SUSTAINABLE CITIES AND COMMUNITIES; 13 CLIMATE ACTION |
| **1.16** | CBR 7.24, 7.25 | TM P1, P2, P3,<br>RE P21<br>RE P19,P20, P21 | Sprioc 6 | Sprioc 3,<br>Sprioc 4 | • Straitéis Turasóireachta Chontae Chill Dara 2022-2026<br>• Plean AC d'Iarthar Chill Dara 2022 2022<br>• Plean Straitéiseach Comhpháirtíochta Spóirt Chill Dara 2022-2023<br>• Clár um Fhorbairt Tuaithe Chill Dara SFÁ 2023-2027 | 3 GOOD HEALTH AND WELL-BEING; 9 INDUSTRY, INNOVATION AND INFRASTRUCTURE; 11 SUSTAINABLE CITIES AND COMMUNITIES; 13 CLIMATE ACTION |
| **1.17** | | SC P15 | | | • Plean CSLDÓ Chill Dara 2023-2025 | 11 SUSTAINABLE CITIES AND COMMUNITIES; 16 PEACE, JUSTICE AND STRONG INSTITUTIONS; 17 PARTNERSHIPS FOR THE GOALS |
| **1.18** | CBR 8.25 | ÈC P22 | Sprioc 3 | Sprioc 2 | • Straitéis Aoisbháúil Chontae Chill Dara 2023-2027<br>• Straitéis Dhigiteach Chill Dara Nasctha 2023-2025 | 8 DECENT WORK AND ECONOMIC GROWTH; 9 INDUSTRY, INNOVATION AND INFRASTRUCTURE; 10 REDUCED INEQUALITIES; 13 CLIMATE ACTION |

## 7.3 Sprioc Ardleibhéil 2



Tacaíonn Contae Chill Dara le **DAOINE** chun barr a gcumais a bhaint amach agus tairbhe a bhaint as ardchaighdeán saoil ag gach céim dá saol.

**Comhthéacs**

Tá níos mó aitheantais á thabhairt de réir a chéile i mbeartais/i bpleananna náisiúnta agus réigiúnacha don tábhacht a bhaineann le caighdeán saoil chun tacú le forbairt réigiúnach inbhuanaithe. Tá fianaise air seo le fáil i bPlean Forbartha Contae Chill Dara 2023-2029 agus i Straitéis Spáis agus Eacnamaíoch Réigiúnach 2019-2031, arb é an aidhm atá léi *"Réigiún inbhuanaithe agus iomaíoch a chruthú a thacaíonn le sláinte agus folláine ár bpobail agus áiteanna, idir uirbeach agus tuaithe, trí rochtain a sholáthar ar thithíocht, ar thaisteal agus ar dheiseanna fostaíochta ar ardchaighdeán don phobal ar fad."* Lena chois sin, i Straitéis um Fhorbairt Eacnamaíoch Chill Dara 2025, tá *Ag Infheistiú i nDaoine* sonraithe mar cheann dá tosaíochtaí.

Mar is léir ónár bpróifíl shocheacnamaíoch, tá Cill Dara ar cheann de na contaetha is mó, is mó fás agus is óige in Éirinn. Dá réir sin, ní haon chúis ionaidh é gur tarraingíodh aird sna comhairliúcháin ar an ngá atá le tacú le gach duine i gCill Dara, ionas gur féidir leo páirt iomlán a ghlacadh agus tairbhe a bhaint as ardchaighdeán saoil.

Tarraingíodh aird, i rith an phróisis pleanála seo, ar an dúshlán a bhaineann lena chinntiú go mbaineann daoine atá díreach tar éis cur fúthu i gCill Dara, go háirithe daoine as tíortha eile, barr a gcumais amach agus go n-éiríonn leo tairbhe a bhaint as ardchaighdeán saoil.

### 7.3.1 Sprioc Ardleibhéil 2: Cuspóirí Inbhuanaithe

Tá cúig chuspóir déag ar fad sonraithe faoin sprioc seo. Baineann ceithre chuspóir go sonrach leis an bpobal, baineann sé chuspóir le forbairt eacnamaíoch, agus tá cúig chuspóir roinnte a bhaineann le forbairt pobail agus eacnamaíoch.

**Cuspóirí Pobail Inbhuanaithe**

**2.1** Trí líonraí, lena n-áirítear Líonra Rannpháirtíochta Pobail Chill Dara, Comhairle na nÓg, Comhairle na nDaoine Breacaosta, Grúpaí Rochtana do Dhaoine faoi Mhíchumas, Cumann Gníomhaíochta an Lucht Siúil Chill Dara, Ionad d'Oibrithe Deonacha Chill Dara, Foirne Baile agus grúpaí deonacha ionadaíocha eile, spreagfar agus tacófar le rannpháirtíocht fhiúntach chun bonn eolais a chur ar

fáil do thionscnaimh phobail áitiúla, pleanáil agus cinnteoireacht, agus cuirfear ionchuimsiú sóisialta chun cinn freisin de réir an bheartais náisiúnta.[19]

**2.2** Tacú le daoine de gach aois as gach cearn de Chill Dara, go háirithe i bpobail nuabhunaithe, atá eisiata go sóisialta agus atá ag forbairt, chun bualadh lena chéile agus tairbhe a bhaint as deiseanna sóisialta, oideachais, sláinte, fostaíochta, áineasa, ealaíon agus cultúrtha, trí raon clár atá dírithe ar an bhforbairt pobail, ionchuimsiú sóisialta, ealaíona pobail, oideachas, sláinte agus cláir spriocdhírithe eile. Beidh sé seo mar bhonn le ceannaireacht áitiúil, úinéireacht, ionchuimsiú agus braistint bróid agus muintearais a fhorbairt i bpobail áitiúla.

**2.3** Lántairbhe a bhaint as leabharlanna, músaeim agus deiseanna ealaíon ar fud Chill Dara chun deis rannpháirtíochta a thabhairt do dhaoine, go háirithe na ndaoine sin a mbíonn drogall orthu na saoráidí seo a úsáid, ionas go mbeidh siad in ann a bheith ag foghlaim, ag forbairt scileanna nua, ag bualadh le daoine nua, agus ag forbairt pobal atá láidir, ionchuimsitheach.

**2.4** Tacú le hobair dheonach agus a leithéid a spreagadh agus aitheantas a thabhairt dá ról i ndáil le pobail a fhorbairt ar fud Chill Dara.

## Cuspóirí na Forbartha Eacnamaíche Inbhuanaithe

**2.5** Feasacht leanúnach a bhunú ar na scileanna a theastaíonn ó fhiontair áitiúla. Cabhróidh sé seo le hoideoirí agus le hoiliúnóirí tacú le daoine ar bhealach réamhghníomhach ionas gur féidir leo tairbhe a bhaint as deiseanna fostaíochta - go háirithe daoine agus ceantair atá ag déileáil le dífhostaíocht.

**2.6** Gnóthaí ar fud Chill Dara a spreagadh agus tacú leo chun a bheith níos inrochtana agus grúpaí a fhostú, ar bhonn réamhghníomhach, a mbíonn dúshláin le sárú acu sula n-éiríonn leo a bheith páirteach sa lucht oibre, e.g., daoine atá dífhostaithe go fadtéarmach, daoine scothaosta, daoine atá faoi mhíchumas, daoine a bhfuil leibhéal gnóthachtála oideachais íseal acu, tuismitheoirí aonair, mionlaigh eitneacha agus an Lucht Siúil.

**2.7** Fiontraíocht áitiúil a chur chun cinn trí shamhlacha braislithe agus tacú lena bhforbairt leanúnach trí sheirbhísí tacaíochta comhtháite, inrochtana a bheidh dírithe ar mhicrifhiontair, gnóthais bheaga agus fiontair shóisialta ar fud an chontae.

**2.8** Cur le hiomaíochas agus le táirgiúlacht na bhfiontar beag agus na micrifhiontar agus tacú le huaillmhian na ngnóthas beag chun forbairt a dhéanamh agus chun dul san iomaíocht ag leibhéal idirnáisiúnta.

**2.9** Cill Dara a chur chun cinn mar Chontae na gCapall Folaíochta trí eolas nua a aimsiú, a roinnt agus a úsáid a fheabhsóidh sláinte, feidhmíocht agus bainistiú capall.

19 "Treoir maidir le Rannpháirtíocht Ionchuimsitheach leis an bPobal i bPleanáil agus Cinnteoireacht Áitiúil" 2023, an Roinn Forbartha Pobail agus Tuaithe

**2.10** Uasoiliúint, soghluaisteacht ó phost go chéile agus bainistiú cruthaithe fiontair a spreagadh agus tacú lena leithéid.

## Cuspóirí Comhroinnte Inbhuanaithe na Forbartha Pobail agus Eacnamaíche

**2.11** Grúpaí mionlaigh eitneacha a aithint, feasacht orthu a mhéadú agus tacú leo trí éisteacht leo agus freagairt dá riachtanais ar leith. Spreagfaidh agus tacóidh sé sin le hionchuimsiú iomlán i bhforbairt pobail agus eacnamaíoch ar fud Chill Dara.

**2.12** Féilte agus imeachtaí cultúrtha sa cheantar áitiúil a fhorbairt agus a chur chun cinn ar fud Chill Dara chun tacú le rannpháirtíocht sa phobal, bród agus ionchuimsiú. Beidh féilte níos mó amhail Brigid 1500 in úsáid freisin chun poitéinseal turasóireachta Chill Dara a chur chun cinn agus tacú leis.

**2.13** D'fhonn a chinntiú go mbeidh tionchar ag forbairt an gheilleagair chliste agus na huasoiliúna digití ar bhailte agus ar shráidbhailte ar fud an chontae, a théann chun tairbhe na bpobal ar fad - go háirithe ceantair agus daoine nár bhain tairbhe as teicneolaíocht go traidisiúnta (e.g., daoine scothaosta, daoine le leibhéil gnóthachtála oideachais ísle, an Lucht Siúil).

**2.14** Chun dlús a chur le Plean um Ghníomhú ar son na hAeráide Chill Dara chun prionsabail na hinbhuanaitheachta agus an gheilleagair chiorclaigh a leabú trí dhaoine áitiúla, gníomhaireachtaí stáit agus gnóthaí a chumhachtú, go háirithe pobail níos leochailí sa chontae, chun roghanna eolasacha, inbhuanaithe, ciorclacha agus aeráid-dearfacha a dhéanamh.

**2.15** Úsáid iomlán iompair phoiblí agus taistil ghníomhaigh a chur chun cinn agus tacú lena leithéid mar mhodh chun teacht ar fhostaíocht, oideachas, áineas agus gníomhaíochtaí laethúla eile.





| Tag. an Chuspóra Inbhuanaithe | Pobal - CFPÁ | Eacnamaíoch - CBS um Fhorbairt Eacnamaíoch, Fiontar agus Pleanáil | Comhroinnte - Forbairt Pobail/Eacnamaíoch |
|---|---|---|---|
| 2.1 | ✓ | | |
| 2.2 | ✓ | | |
| 2.3 | ✓ | | |
| 2.4 | ✓ | | |
| 2.5 | | ✓ | |
| 2.6 | | ✓ | |
| 2.7 | | ✓ | |
| 2.8 | | ✓ | |
| 2.9 | | ✓ | |
| 2.10 | | ✓ | |
| 2.11 | | | ✓ |
| 2.12 | | | ✓ |
| 2.13 | | | ✓ |
| 2.14 | | | ✓ |
| 2.15 | | | ✓ |


## Ailíniú Sprioc Ardleibhéil a Dó le príomhphleananna agus le Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na NA

| **Tag. Chuspóir an PÁEP** | **SSER** | **Plean Forbartha Contae Chill Dara 2023-2029** | **Straitéis Forbartha Eacnamaíoch Chill Dara 2025** | **Plean um Ghníomhú ar son na hAeráide Chill Dara 2024-2029** | **Pleananna Eile** (Bunaithe ar suas leis na cúig phlean áitiúla is ábhartha) | **Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na NA** (Bunaithe ar suas leis na ceithre sprioc is ábhartha) |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 2.1 | RPO 9.18 | SC P1, P3, , P7, P8<br><br>UD P1 | | Sprioc 4 | • Straitéis Aoisbháúil Chontae Chill Dara 2023-2027<br>• Plean Straitéiseach CLCCD 2023-2028<br>• Straitéis um Ionchuimsiú an Lucht Siúil agus na Romach Chontae Chill Dara 2019-2023<br>• Plean CSLDÓ Chill Dara 2023-2025<br>• Plean AC d'Iarthar Chill Dara 2022 | 1 No Poverty<br>10 Reduced Inequalities<br>11 Sustainable Cities and Communities<br>16 Peace, Justice and Strong Institutions |
| 2.2 | RPO 9.14, 9.15, 9.18 | SC P3, P4, P5, P7, P8, P9 | | | • Straitéis Aoisbháúil Chontae Chill Dara 2023-2027<br>• Plean Straitéiseach CLCCD 2023-2028<br>• Plean Chill Dara Sláintiúil 2022-2026<br>• Plean ECSP7 FSS x<br>• Plean CSLDÓ Chill Dara 2023-2025<br>• Straitéis Súgartha CCCD 2018-2028<br>• Plean Straitéiseach Comhpháirtíochta Spóirt Chill Dara 2022-2023 | 1 No Poverty<br>3 Good Health and Well-Being<br>4 Quality Education<br>10 Reduced Inequalities |
| 2.3 | RPO 9.24 9.25 | SC P10, 11 | | | • Straitéis Ealaíon CCCD 2023-2027<br>• Plean CSLDÓ Chill Dara 2023-2025<br>• Straitéis Dhigiteach Chill Dara Nasctha 2023-2025<br>• Plean Forbartha Leabharlann Chill Dara 2024-2028 | 1 No Poverty<br>3 Good Health and Well-Being<br>4 Quality Education<br>10 Reduced Inequalities |
| 2.4 | RPO 9.18 | SC P1 | | | • Straitéis Aoisbháúil Chontae Chill Dara 2023-2027<br>• Plean Straitéiseach CLCCD 2023-2028<br>• Plean Straitéiseach Comhpháirtíochta Spóirt Chill Dara 2022-2023 | 1 No Poverty<br>3 Good Health and Well-Being<br>10 Reduced Inequalities<br>11 Sustainable Cities and Communities |

| Tag. Chuspóir an PÁEP | SSER | Plean Forbartha Contae Chill Dara 2023-2029 | Straitéis Forbartha Eacnamaíoch Chill Dara 2025 | Plean um Ghníomhú ar son na hAeráide Chill Dara 2024-2029 | Pleananna Eile (Bunaithe ar suas leis na cúig phlean áitiúla is ábhartha) | Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na NA (Bunaithe ar suas leis na ceithre sprioc is ábhartha) |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **2.5** | RPO 6.25, 6.27, 9.22 | RE P2, P3, P4 | Sprioc 1 | | • Plean Straitéiseach CLCCD 2023-2028<br>• Plean CSLDÓ Chill Dara 2023-2025<br>• Ráiteas Straitéise BOOCDCM 2020-2024<br>• Plean AC d'Iarthar Chill Dara 2022 | 3 GOOD HEALTH AND WELL-BEING; 4 QUALITY EDUCATION; 10 REDUCED INEQUALITIES; 11 SUSTAINABLE CITIES AND COMMUNITIES |
| **2.6** | RPO 6.28 | RE P2, P3, P4 | Sprioc 1 | | • Straitéis Aoisbháúil Chontae Chill Dara 2023-2027<br>• Plean Straitéiseach CLCCD 2023-2028<br>• Straitéis um Ionchuimsiú an Lucht Siúil agus na Romach Chontae Chill Dara 2019-2023<br>• Plean CSLDÓ Chill Dara 2023-2025<br>• Ráiteas Straitéise BOOCDCM 2020-2024<br>• Plean AC d'Iarthar Chill Dara 2022 | 3 GOOD HEALTH AND WELL-BEING; 4 QUALITY EDUCATION; 10 REDUCED INEQUALITIES; 11 SUSTAINABLE CITIES AND COMMUNITIES |
| **2.7** | RPO 6.31 | RE P1, P2, P5, P7 | Sprioc 1 | Sprioc 2, G 5 | • Clár um Fhorbairt Tuaithe Chill Dara SFÁ 2023-2027<br>• Plean Straitéiseach CCCD 2023-2026 | 8 DECENT WORK AND ECONOMIC GROWTH; 9 INDUSTRY, INNOVATION AND INFRASTRUCTURE; 11 SUSTAINABLE CITIES AND COMMUNITIES |
| **2.8** | RPO 6.31 | RE P4, P7 | Sprioc 1 | | | 8 DECENT WORK AND ECONOMIC GROWTH; 9 INDUSTRY, INNOVATION AND INFRASTRUCTURE; 11 SUSTAINABLE CITIES AND COMMUNITIES |
| **2.9** | RPO 6.34 | RE P14<br>RD P3, P4 | Sprioc 4 | | • Straitéis Turasóireachta Chontae Chill Dara 2022-2026<br>• Plean Eispéiris Cinn Scríbe Chontae na gCapall Folaíochta 2023 | 8 DECENT WORK AND ECONOMIC GROWTH; 9 INDUSTRY, INNOVATION AND INFRASTRUCTURE; 11 SUSTAINABLE CITIES AND COMMUNITIES |
| **2.10** | RPO 6.21,6.25 | RE P1, P2, P4<br>RD P1 | Spriocanna 1, G3 | | • Straitéis Ealaíon CCCD 2023-2027<br>• Clár um Fhorbairt Tuaithe Chill Dara SFÁ 2023-2027 | 8 DECENT WORK AND ECONOMIC GROWTH; 9 INDUSTRY, INNOVATION AND INFRASTRUCTURE; 11 SUSTAINABLE CITIES AND COMMUNITIES |

| Tag. Chuspóir an PÁEP | SSER | Plean Forbartha Contae Chill Dara 2023-2029 | Straitéis Forbartha Eacnamaíoch Chill Dara 2025 | Plean um Ghníomhú ar son na hAeráide Chill Dara 2024-2029 | Pleananna Eile (Bunaithe ar suas leis na cúig phlean áitiúla is ábhartha) | Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na NA (Bunaithe ar suas leis na ceithre sprioc is ábhartha) |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 2.11 | RPO 6.25,6.26 | SC P3, P8 | Sprioc 1 | | • Plean Straitéiseach CLCCD 2023-2028<br>• Straitéis um Ionchuimsiú an Lucht Siúil agus na Romach Chontae Chill Dara 2019-2023<br>• Straitéis um Lánpháirtiú Chontae Chill Dara 2020-2026<br>• Plean CSLDÓ Chill Dara 2023-2025<br>• Plean Straitéiseach Comhpháirtíochta Spóirt Chill Dara 2022-2023<br>• Ráiteas Straitéise BOOCDCM 2020-2024 | 3 Good Health and Well-Being; 4 Quality Education; 10 Reduced Inequalities; 11 Sustainable Cities and Communities |
| 2.12 | | RE P23 | Sprioc 6 | | • Straitéis Ealaíon CCCD 2023-2027<br>• Plean Gnó Brigid 1500<br>• Straitéis Súgartha CCCD 2018-2028<br>• Clár um Fhorbairt Tuaithe Chill Dara SFÁ 2023-2027<br>• Straitéis Turasóireachta Chontae Chill Dara 2022-2026 | 8 Decent Work and Economic Growth; 11 Sustainable Cities and Communities; 17 Partnerships for the Goals |
| 2.13 | RPO 6.25, 6.27, 6.30 | RE P8 | Sprioc 3 | Sprioc 5 | • Straitéis Aoisbháúil Chontae Chill Dara 2023-2027<br>• Clár um Fhorbairt Tuaithe Chill Dara SFÁ 2023-2027<br>• Straitéis Dhigiteach Chill Dara Nasctha 2023-2025 | 3 Good Health and Well-Being; 4 Quality Education; 8 Decent Work and Economic Growth; 10 Reduced Inequalities |
| 2.14 | RPO 7.32, 7.33 | RD P8 | | Sprioc 4, G5 | • Clár um Fhorbairt Tuaithe Chill Dara SFÁ 2023-2027<br>• Straitéis Turasóireachta Chontae Chill Dara 2022-2026 | 10 Reduced Inequalities; 11 Sustainable Cities and Communities; 12 Responsible Consumption and Production; 13 Climate Action |
| 2.15 | RPO 8.2, 8.7, 9.10 | TM P1, P2, P3, P4 | | Sprioc 2, G4 | • Straitéis Aoisbháúil Chontae Chill Dara 2023-2027<br>• Clár um Fhorbairt Tuaithe Chill Dara SFÁ 2023-2027 | 3 Good Health and Well-Being; 4 Quality Education; 9 Industry, Innovation and Infrastructure; 11 Sustainable Cities and Communities |

## 7.4 Sprioc Ardleibhéil 3



Tacaíonn Contae Chill Dara le **GNÍOMHÚ AR SON NA hAERÁIDE, CEARTAS AERÁIDE AGUS INBHUANAITHEACHT** is tugann sé tús áite dóibh.

**Comhthéacs**

Is príomhthosaíocht i ngach plean náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil é an gá atá le tús áite a thabhairt don athrú aeráide agus dlús a chur leis an aistriú go dtí geilleagar agus sochaí ísealcharbóin. Tá tosaíochtaí soiléire leagtha amach i Straitéis Spáis agus Eacnamaíoch Réigiúnach 2019-2031, Plean Forbartha Contae Chill Dara 2023-2029 agus Straitéis um Fhorbairt Eacnamaíoch 2025, ina leith seo.

Tá anailís shoiléir le fáil i bPlean um Ghníomhú ar son na hAeráide Chill Dara 2024-2029, a forbraíodh i bpáirt leis an PÁEP seo, a faomhadh i mí na Nollag 2023, chun straitéisí agus cuspóirí ábhartha a nascadh ar mhaithe le bonn eolais a chur ar fáil do na tosaíochtaí aeráide do Chill Dara.

Ainneoin gur cuspóirí de chuid an PÁEP seo iad an gníomhú ar son na haeráide agus an ceartas aeráide, tá sé beartaithe go mbeidh breithniú á dhéanamh i ngach sprioc agus gníomh gaolmhar ar an athrú aeráide. Tarraingíodh aird i gcomhairliúcháin a rinneadh chun an PÁEP seo a fhorbairt ar an ngá atá le breithniú ar leith a dhéanamh ar cheartas aeráide. Tarraingítear aird go sonrach anseo ar an dúshlán atá le sárú ag gach páirtí leasmhar i gCill Dara chun a chinntiú nach mbeidh pobail, daoine atá ag déileáil le bochtaineacht agus eisiamh, agus gnóthaí atá ag streachailt, fágtha ar gcúl nó go mbeidh tionchar díréireach ag ár n-aistriú go contae atá níos neodraí ó thaobh carbóin de orthu.

### 7.4.1 Sprioc Ardleibhéil 3: Cuspóirí Inbhuanait

Tá naoi gcuspóir ar fad sonraithe faoin sprioc seo. Baineann cuspóir amháin go sonrach leis an bpobal, baineann cuspóir amháin le forbairt eacnamaíoch, agus tá seacht gcuspóir roinnte a bhaineann le forbairt pobail agus eacnamaíoch.

**Cuspóir Pobail Inbhuanaithe**

**3.1** Cur le feasacht agus tuiscint ar phobail áitiúla chun a n-acmhainn chun déileáil leis an ngníomhú ar son na haeráide agus aistriú cóir a mhéadú ar mhaithe le forbairt eacnamaíoch agus pobail, go háirithe spriocdhíriú ar níos mó grúpaí/pobal eisiata.

## Cuspóir na Forbartha Eacnamaíche Inbhuanaithe

**3.2** Tacú le gnóthaí áitiúla feidhmiú mar cheannaire i gcomhthéacs an fhuinnimh inbhuanaithe trí oiliúint agus tacaíochtaí i dtaca le héifeachtúlachtaí fuinnimh a chur ar fáil. Beidh breis iomaíochais mar thoradh air seo.

## Cuspóirí Comhroinnte Inbhuanaithe na Forbartha Pobail agus Eacnamaíche

**3.3** Dlús a chur le cur chun feidhme Phlean um Ghníomhú ar son na hAeráide Chontae Chill Dara agus Contae Chill Dara mar cheannairí i dtaca le hastaíochtaí aeráide a mhaolú agus an gníomhú ar son na haeráide a phríomhshruthú i gcomhpháirt le hOifig Réigiúnach um Ghníomhú Aeráide (ORGA) an Oirthir agus Lár na Tíre.

**3.4** Tacú le Plean um Shoghluaisteacht Tuaithe Chónascadh na hÉireann chun a chinntiú go spreagann agus go dtacaíonn an gréasán iompair phoiblí le hathruithe ar an éileamh ar iompar, go bhfeabhsaíonn sé nascacht réigiúnach agus go soláthraíonn sé rogha eile níos fearr seachas an carr príobháideach.

**3.5** Dlús a chur le cuspóirí Phlean um Ghníomhú ar son na hAeráide Chill Dara chun an timpeallacht nádúrtha agus an bonneagar glas a chosaint agus a fheabhsú trí thacú le bithéagsúlacht agus le córais uisce nádúrtha, an riosca a bhaineann le tionchair dhiúltacha an athraithe aeráide a laghdú, agus sláinte agus folláine gach saoránach a fheabhsú.

**3.6** Tacú le dearadh agus soláthar tithíochta atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de agus tíosach ar fhuinneamh, lena n-áirítear trí athchóiriú agus uasghrádú an stoic tithíochta atá ag an údarás áitiúil cheana féin.

**3.7** Tacú le forbairt na héiceathurasóireachta, agus a leithéid a chur chun cinn, i gceantar tuaithe Chill Dara go háirithe, chun ioncam feirme a éagsúlú, níos mó úsáide a bhaint as Gormbhealach agus Glasbhealach na Bearú, agus níos mó deiseanna fostaíochta a chruthú de réir breithniúcháin phleanála agus chomhshaoil.

**3.8** A chinntiú go mbeidh Cill Dara ag feidhmiú mar cheannaire i dtaca le forbairt ísealcharbóin, agus béim a leagan ar earnálacha inbhuanaithe lena n-áirítear an geilleagar ciorclach/glas, éagsúlú talamhúsáide agus poitéinseal an bhithgheilleagair, agus go mbeidh an cheannaireacht seo á haithint ag leibhéal náisiúnta agus idirnáisiúnta.

**3.9** Go dtacófar leis an earnáil Talmhaíochta agus go leanfaidh sí le ról tábhachtach a bheith aici i ngeilleagar an chontae fad is atá an t-aistriú chun astaíochtaí a laghdú ag tarlú agus fad is atá iarrachtaí á ndéanamh a bheith níos inbhuanaithe.

| Tag. an Chuspóra Inbhuanaithe | Pobal - CFPÁ | Eacnamaíoch - CBS um Fhorbairt Eacnamaíoch, Fiontar agus Pleanáil | Comhroinnte - Forbairt Pobail/Eacnamaíoch |
|---|---|---|---|
| 3.1 | ✓ | | |
| 3.2 | | ✓ | |
| 3.3 | | | ✓ |
| 3.4 | | | ✓ |
| 3.5 | | | ✓ |
| 3.6 | | | ✓ |
| 3.7 | | | ✓ |
| 3.8 | | | ✓ |
| 3.9 | | | ✓ |





## Ailíniú Sprioc Ardleibhéil a Trí le príomhphleananna agus le Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na NA

| Tag. Chuspóir an PÁEP | SSER | Plean Forbartha Contae Chill Dara 2023-2029 | Straitéis Forbartha Eacnamaíoch Chill Dara 2025 | Plean um Ghníomhú ar son na hAeráide Chill Dara 2024-2029 | Pleananna Eile (Bunaithe ar suas leis na cúig phlean áitiúla is ábhartha) | Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na NA (Bunaithe ar suas leis na ceithre sprioc is ábhartha) |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 3.1 | CBR 7.32, 7.33 | RE P12 | | Sprioc 4, G5 | • Plean Náisiúnta um Ghníomhú ar son na hAeráide 2024<br>• Plean AC d'Iarthar Chill Dara 2022<br>• Clár um Fhorbairt Tuaithe Chill Dara SFÁ 2023-2027 | 1 No Poverty; 10 Reduced Inequalities; 12 Responsible Consumption and Production; 13 Climate Action |
| 3.2 | CBR 6.23, 7.35, 10.19 | RE P5, P6, P12 | Sprioc 8 | Sprioc 4, G5 | • Plean Náisiúnta um Ghníomhú ar son na hAeráide 2024<br>• Plean AC d'Iarthar Chill Dara 2022 | 7 Affordable and Clean Energy; 8 Decent Work and Economic Growth; 12 Responsible Consumption and Production; 13 Climate Action |
| 3.3 | CBR 7.32, 7.33 | RE P12 | | Sprioc 1 | • Plean Náisiúnta um Ghníomhú ar son na hAeráide 2024<br>• Straitéis Aoisbháúil Chontae Chill Dara 2023-2027<br>• Ráiteas Straitéise BOOCDCM 2020-2024<br>• Clár um Fhorbairt Tuaithe Chill Dara SFÁ 2023-2027 | 12 Responsible Consumption and Production; 13 Climate Action; 16 Peace, Justice and Strong Institutions; 17 Partnerships for the Goals |
| 3.4 | CBR 8.13 | TM P1, P2, P3 | | Sprioc 2 | | 11 Sustainable Cities and Communities; 13 Climate Action; 17 Partnerships for the Goals |
| 3.5 | CBR 7.16, 7.32, 7.33, 7.34 | BI P1 | | Sprioc 3 | • Plean Náisiúnta um Ghníomhú ar son na hAeráide 2024<br>• Plean AC d'Iarthar Chill Dara 2022<br>• Straitéis Súgartha CCCD 2018-2028<br>• Clár um Fhorbairt Tuaithe Chill Dara SFÁ 2023-2027 | 11 Sustainable Cities and Communities; 13 Climate Action; 14 Life Below Water |
| 3.6 | CBR 7.40, 7.41 | HO P7<br>UD P2 | | Sprioc 2 | • Plean Náisiúnta um Ghníomhú ar son na hAeráide 2024 | 7 Affordable and Clean Energy; 10 Reduced Inequalities; 11 Sustainable Cities and Communities; 13 Climate Action |

| Tag. Chuspóir an PÁEP | SSER | Plean Forbartha Contae Chill Dara 2023-2029 | Straitéis Forbartha Eacnamaíoch Chill Dara 2025 | Plean um Ghníomhú ar son na hAeráide Chill Dara 2024-2029 | Pleananna Eile (Bunaithe ar suas leis na cúig phlean áitiúla is ábhartha) | Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na NA (Bunaithe ar suas leis na ceithre sprioc is ábhartha) |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **3.7** | CBR 6.16, 6.23, 6.24, 7.24, 7.25 | RE P19 | | Sprioc 3 | • Plean Náisiúnta um Ghníomhú ar son na hAeráide 2024<br>• Plean AC d'Iarthar Chill Dara 2022<br>• Clár um Fhorbairt Tuaithe Chill Dara SFÁ 2023-2027<br>• Straitéis Turasóireachta Chontae Chill Dara 2022-2026 |  |
| **3.8** | CBR 6.23, 6.24 | RE P12 | Sprioc 8 | Sprioc 5 | • Plean Náisiúnta um Ghníomhú ar son na hAeráide 2024<br>• Clár um Fhorbairt Tuaithe Chill Dara SFÁ 2023-2027 |  |
| **3.9** | CBR 6.23, 6.24 | RE P13 | Sprioc 5 | Sprioc 3 | • Clár um Fhorbairt Tuaithe Chill Dara SFÁ 2023-2027 |  |

## 7.5 Sprioc Ardleibhéil 4



Meallann Contae Chill Dara na **hACMHAINNÍ agus an INFHEISTÍOCHT** a theastaíonn chun cur ar a chumas pobal atá inbhuanaithe, ionchuimsitheach agus bríomhar go heacnamaíoch a chruthú do gach duine.

### Comhthéacs

Cruthaíonn an méadú leanúnach atá tagtha ar dhaonra Chill Dara, le tríocha bliain anuas, dúshláin shuntasacha d'fhonn a chinntiú go bhfuil seirbhísí, saoráidí, bonneagar agus soláthar foirne oiriúnach ar fáil, chun tacú le forbairt pobail agus eacnamaíoch inbhuanaithe. Tá sé tábhachtach, go háirithe i gceantair ina bhfuil forbairt shuntasach, nó ina bhfuil sé beartaithe a leithéid a dhíriú air a chinntiú go bhfuil acmhainní agus infheistíocht ar fáil. Lena chois sin, go minic bíonn tionchar níos suntasaí ag a leithéid ar phobail leochaileacha agus ní mór tús áite a thabhairt dóibh sin.

Fad is a bhí an PÁEP seo á fhorbairt, tarraingíodh aird go minic ar chúrsaí maoinithe. Aithnítear gur contae an-láidir, spreagúil agus bríomhar é Cill Dara, agus d'fhonn a chinntiú go mbeidh sé mar sin amach anseo, teastaíonn infheistíocht. Tá sé seo ag teacht le sprioc ardleibhéil Straitéis um Fhorbairt Eacnamaíoch 2025 Chill Dara ina ndéantar cur síos ar an ngá atá le *hAcmhainn Tairisceana Chill Dara chun críche Cistí a Fháil a Threisiú*.

Ní leithdháiltear buiséad sonrach ar Phleananna Eacnamaíocha agus Pobail Áitiúla chun tosaíochtaí a chur chun feidhme. Dá réir sin, teastaíonn acmhainní agus infheistíocht d'fhonn a chinntiú gur féidir na gníomhartha atá comhaontaithe do Chill Dara a chur chun feidhme as seo go ceann sé bliana. Baineann fíorthábhacht le maoiniú earnála poiblí agus príobháidí a fháil, é a threorú go cuí agus a uasmhéadú le forbairt pobail agus eacnamaíoch Chill Dara amach anseo.

### 7.5.1 Sprioc Ardleibhéil 4: Cuspóirí Inbhuanaithe

Tá sé chuspóir ar fad sonraithe faoin sprioc seo. Baineann trí chuspóir go sonrach leis an bpobal, baineann cuspóir amháin le forbairt eacnamaíoch, agus tá dhá chuspóir roinnte a bhaineann le forbairt pobail agus eacnamaíoch.

#### Cuspóirí Pobail Inbhuanaithe

**4.1** Úsáid iomlán a bhaint as na pleananna straitéiseacha a forbraíodh le déanaí ina dtarraingítear aird ar an ngá atá le hacmhainní breise chun freagairt do riachtanais leanaí, daoine óga, daoine scothaosta, pobal leochaileach, Ionad Acmhainní Teaghlaigh, an Lucht Siúil agus grúpaí eile.

**4.2** Maoiniú a lorg chun an soláthar oideachais a fhorbairt agus aird a tharraingt air, agus díriú go háirithe ar an soláthar meánscoile ó thuaidh agus ar na ceantair ardfháis den chontae. Sa bhreis ar líon na scoileanna DEIS sa chontae a mhéadú.[20]

**4.3** Leanúint ar aghaidh le haird a tharraingt ar an ngá atá le hacmhainní leanúnacha, geallta agus inbhuanaithe chun eisiamh sóisialta a laghdú agus chun tuilleadh méaduithe ar an mbearna idir rachmas agus bochtaineacht sa chontae a chosc.

#### Cuspóir na Forbartha Eacnamaíche Inbhuanaithe

**4.4** Cill Dara a chur chun cinn mar rogha suímh d'Infheistíocht Dhíreach Choigríche (IDC) agus tacú le cuideachtaí IDC atá bunaithe cheana féin chun a ngnó a chothabháil agus a fhorbairt.

#### Cuspóirí Comhroinnte Inbhuanaithe na Forbartha Pobail agus Eacnamaíche

**4.5** Úsáid a bhaint as na hiniúchtaí bonneagair shóisialta a rinneadh mar chuid de Phleanáil Ceantair Áitiúil CCCD chun acmhainní atá ar fáil cheana féin a leithdháileadh agus chun oibriú le Ranna Rialtais agus le Gníomhaireachtaí chun deiseanna maoinithe a shainaithint chun bonn eolais a chur ar fáil d›iarratais mhaoinithe chun tacú le forbairt pobail agus eacnamaíoch ar fud an chontae.

**4.6** A chinntiú go bhfuil na córais i bhfeidhm chun sonraí beachta agus tráthúla a thiomsú agus a anailísiú chun bonn eolais a chur ar fáil do thosaíochtaí agus do leithdháiltí acmhainní chun críche forbartha gnó agus pobail ar fud an chontae. San áireamh anseo tá sonraí a chuirfidh le hinnéacs díothachta Haase do Chill Dara.

20 Ciallaíonn DEIS Comhionannas Deiseanna sna Scoileanna a Sheachadadh. Is é an aidhm atá leis díriú ar mhíbhuntáiste oideachais trí acmhainní agus tacaíochtaí breise a chur ar fáil do scoileanna i gceantair atá faoi mhíbhuntáiste socheacnamaíoch.

Fís agus Spriocanna Ardleibhéil PÁEP Chill Dara

| Tag. an Chuspóra Inbhuanaithe | Pobal - CFPÁ | Eacnamaíoch - CBS um Fhorbairt Eacnamaíoch, Fiontar agus Pleanáil | Comhroinnte - Forbairt Pobail/Eacnamaíoch |
|---|---|---|---|
| 4.1 | ✓ | | |
| 4.2 | ✓ | | |
| 4.3 | ✓ | | |
| 4.4 | | ✓ | |
| 4.5 | | | ✓ |
| 4.6 | | | ✓ |

## Ailíniú Sprioc Ardleibhéil a Trí le príomhphleananna agus le Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na NA

| Tag. Chuspóir an PÁEP | SSER | Plean Forbartha Contae Chill Dara 2023-2029 | Straitéis Forbartha Eacnamaíoch Chill Dara 2025 | Plean um Ghníomhú ar son na hAeráide Chill Dara 2024-2029 | Pleananna Eile (Bunaithe ar suas leis na cúig phlean áitiúla is ábhartha) | Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na NA (Bunaithe ar suas leis na ceithre sprioc is ábhartha) |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 4.1 | CBR 6.35, 9.13, 9.14, 9.15, 9.17,9.19, 9.20, 9.21, 9.23 | SC P1, P2,P8,P10, P11, P13, P14 | | | • Straitéis Aoisbháúil Chontae Chill Dara 2023-2027<br>• Plean Straitéiseach CLCCD 2023-2028<br>• Plean CSLDÓ Chill Dara 2023-2025<br>• Plean AC d'Iarthar Chill Dara 2022<br>• Plean Straitéiseach Comhpháirtíochta Spóirt Chill Dara 2022-2023 | 3 Good Health and Well-Being; 9 Industry, Innovation and Infrastructure; 10 Reduced Inequalities; 16 Peace, Justice and Strong Institutions |
| 4.2 | CBR 9.18, 9.21 | SC P12 | | | • Plean CSLDÓ Chill Dara 2023-2025<br>• Ráiteas Straitéise BOOCDCM 2020-2024 | 4 Quality Education; 10 Reduced Inequalities; 16 Peace, Justice and Strong Institutions |
| 4.3 | CBR 6.35, 9.18, 9.19 | RE P3 | | | • Straitéis um Ionchuimsiú an Lucht Siúil agus na Romach Chontae Chill Dara 2019-2023<br>• Plean ECSP 7 FSS<br>• Plean CSLDÓ Chill Dara 2023-2025<br>• Clár um Fhorbairt Tuaithe Chill Dara SFÁ 2023-2027<br>• Plean Straitéiseach CCCD 2023-2026 | 1 No Poverty; 9 Industry, Innovation and Infrastructure; 10 Reduced Inequalities; 16 Peace, Justice and Strong Institutions |
| 4.4 | CBR 6.34, 6.35 | RE 054 | Sprioc 2 | Sprioc 2 | | 8 Decent Work and Economic Growth; 9 Industry, Innovation and Infrastructure; 17 Partnerships for the Goals |

| Tag. Chuspóir an PÁEP | SSER | Plean Forbartha Contae Chill Dara 2023-2029 | Straitéis Forbartha Eacnamaíoch Chill Dara 2025 | Plean um Ghníomhú ar son na hAeráide Chill Dara 2024-2029 | Pleananna Eile (Bunaithe ar suas leis na cúig phlean áitiúla is ábhartha) | Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na NA (Bunaithe ar suas leis na ceithre sprioc is ábhartha) |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **4.5** | CBR 6.35, 9.18, 9.19 | RE P3 | Nasctha le gníomh cumasúcháin - Acmhainn Tairisceana chun críche Cistí a fháil | | • Straitéis Aoisbháúil Chontae Chill Dara 2023-2027<br>• Plean CSLDÓ Chill Dara 2023-2025<br>• Plean Straitéiseach Comhpháirtíochta Spóirt Chill Dara 2022-2023<br>• Plean AC d'Iarthar Chill Dara 2022 | 8 DECENT WORK AND ECONOMIC GROWTH; 9 INDUSTRY, INNOVATION AND INFRASTRUCTURE; 10 REDUCED INEQUALITIES |
| **4.6** | CBR 6.35, 9.18 | RE P3 | Nasctha le gníomh cumasúcháin - Acmhainn Tairisceana chun críche Cistí a fháil | | | 8 DECENT WORK AND ECONOMIC GROWTH; 9 INDUSTRY, INNOVATION AND INFRASTRUCTURE; 10 REDUCED INEQUALITIES; 13 CLIMATE ACTION |

# Cur Chun Feidhme, Monatóireacht agus Meastóireacht



# 8. Cur Chun Feidhme, Monatóireacht agus Meastóireacht

## 8.1 Brollach

Tá na spriocanna ardleibhéil agus na gníomhartha gaolmhara atá sainaitheanta in PÁEP uaillmhianach. Tá sé fíorthábhachtach, áfach, dul chun cinn a dhéanamh, deiseanna a thapú agus déileáil le dúshláin. Chomhaontaigh na páirtithe leasmhara ar fad i gCill Dara leis seo. Tá an PÁEP seo ailínithe go soiléir le pleananna comhaontaithe eile agus, dá réir sin, soláthraítear ann an creat agus an sásra chun an dul chun cinn atá á dhéanamh i ndáil le forbairt pobail agus eacnamaíoch sa chontae a rianú.

Ghlac go leor daoine páirt sa phróiseas a bhain le forbairt an phlean seo le dhá mhí dhéag anuas:

- Tháinig Grúpa Stiúrtha Comhairleach sinsearach agus ionadaíoch le chéile ocht n-uaire go dtí seo. Bhí ról gníomhach ag na baill ar fad sna hiarrachtaí le cinntiú go bhfuil an PÁEP seo soiléir, ábhartha agus indéanta.
- Tá naoi n-ionadaí dhéag, ag leibhéal sinsearach, ó chomhlachtaí reachtúla agus neamhreachtúla páirteach in CFPÁ Chill Dara. Bhí PÁEP mar mhír ar an gclár cruinnithe a bhí le plé ag na hocht gcruinniú a reáchtáladh ó mhí Feabhra 2023 nuair a cuireadh tús leis an obair phleanála don PÁEP seo.
- Tá naonúr ball gníomhach ag an CBS um Fhorbairt Eacnamaíoch, Fiontar agus Pleanáil. Mír ar an gclár cruinnithe a bhí le plé ag na sé chruinniú a reáchtáladh ó mhí Feabhra 2023 ab ea PÁEP.

Soláthraíonn an rannpháirtíocht agus an tiomantas seo i measc páirtithe leasmhara i gCill Dara ardán láidir chun an PÁEP seo a chur chun feidhme, monatóireacht a dhéanamh air agus athbhreithniú a dhéanamh ar an dul chun cinn atá á dhéanamh ann. Ainneoin go bhfáilteofaí roimh níos mó treorach náisiúnta faoi chur chun feidhme agus monatóireacht PÁEP, tá an méid seo a leanas molta:

## 8.2 Cur chun feidhme

Tá plean feidhmithe dhá bhliain á chur i gcrích faoi láthair. Leagtar amach anseo na gníomhartha tosaíochta sonracha do Chill Dara 2024-2026. Beidh na gníomhartha seo á stiúradh ag gníomhaireachtaí/comhlachtaí cuí, lena n-áirítear CCCD ach gan a bheith eisiach dó. Tá sé beartaithe úsáid a bhaint as cur chuige atá an-chomhoibríoch, rud a thagann leis an tslí a bhfuiltear ag úsáid PÁEP agus CBS go dtí seo.

Aithnítear go mbeidh sruthanna maoinithe ag teastáil ó fhormhór na ngníomhartha laistigh den phlean. Tá maoiniú rialtais láir ar fáil trí raon leathan gníomhaireachtaí agus comhlachtaí poiblí neamhrannacha. Tá na cuspóirí agus na gníomhartha atá molta sa phlean seo curtha i láthair ionas go mbeidh siad ailínithe le maoiniú atá ar fáil faoi láthair agus maoiniú a d›fhéadfadh a bheith ar fáil amach anseo. Díreoidh CCCD agus páirtithe leasmhara eile a bhfuil gníomhartha á stiúradh acu ar mhaoiniú poiblí a shainaithint agus a uasmhéadú do Chill Dara thar thréimhse an phlean seo. Lena chois sin, tá sé mar aidhm leis an PÁEP seo acmhainní atá ar fáil cheana féin a chur ar fáil chun díriú ar na tosaíochtaí comhaontaithe.

Beidh cur chun feidhme PÁEP ag teacht le forálacha Phlean Forbartha Contae Chill Dara agus Pleananna Ceantair Áitiúil éagsúla, lena n-áirítear iad siúd atá freagrach as an gcomhshaol a chosaint agus a bhainistiú. Beidh ullmhú aon phlean nó straitéis ag leibhéal níos ísle faoi réir scagadh le haghaidh MST agus MS de réir mar is cuí.

## 8.3 Monatóireacht agus Meastóireacht

Tá spriocanna ardleibhéil agus cuspóirí gaolmhara le fáil sa PÁEP seo. Tá gníomhartha follasacha luaite leis na cuspóirí sin freisin. Déanfar measúnú trí dhlúthmhonatóireacht agus meastóireacht ar an leibhéal dul chun cinn atá á dhéanamh i ndáil leis na gníomhartha agus leis na cuspóirí ábhartha a bhaint amach.

Trí leanúint ar aghaidh le foinsiú, anailísiú agus monatóireacht a dhéanamh ar thacair sonraí atá cothrom le dáta cruthófar creat fianaisebhunaithe chun measúnú a dhéanamh ar an dul chun cinn atá á dhéanamh ar an bplean seo. Beidh sé riachtanach leanúint ar aghaidh ag obair le IBTUÉ in Ollscoil Mhá Nuad chun tacú leis seo, mar aon le tiomsú sonraí a threisiú, monatóireacht a dhéanamh ar chórais agus sonraí a chomhroinnt le heagraíochtaí atá lonnaithe i gCill Dara.

I ndiaidh glacadh le PÁEP, déanfar athbhreithniú ar bhallraíocht GSC chun foireann Monatóireachta agus Feidhmithe PÁEP a bhunú. Ar an tslí sin, cinnteofar go mbeidh an tacar sainscileanna atá riachtanach ar fáil chun maoirseacht a dhéanamh ar chur chun feidhme PÁEP, mar aon le monatóireacht agus meastóireacht a dhéanamh ar PÁEP, as seo go ceann sé bliana. Chun lántairbhe a bhaint as sineirgí agus chun dúbailt a sheachaint, beidh sé tábhachtach go smaoineofar ar struchtúir agus córais mhonatóireachta a chur i bhfeidhm chun maoirseacht a dhéanamh ar dhul chun cinn na bpleananna cosúil leis an bPlean Forbartha Contae (2023-2029), an Plean um Ghníomhú ar son na hAeráide (2024-2029), Plean CSLDÓ (2023-2027) agus pleananna eile. Tacóidh foireann CCCD leis an bhFoireann Monatóireachta agus Feidhmithe.

Tá bailchríoch le cur fós ar phríomhróil na foirne Monatóireachta agus Feidhmithe ach beidh an méid seo a leanas ina measc:

a. Idirchaidreamh a dhéanamh leis na comhpháirtithe ceannais agus tacaíochta, comhlachtaí agus gníomhaireachtaí atá freagrach as na gníomhartha atá sainaitheanta sa phlean a chur i bhfeidhm.
b. Monatóireacht agus athbhreithniú a dhéanamh ar dhul chun cinn.
c. Tuarascálacha a scríobh agus nuashonruithe a chur i láthair.
d. An plean feidhmithe a leasú nuair is cuí.

Cuimseofar dul chun cinn PÁEP mar mhír sheasta ar chlár an chruinnithe ag gach cruinniú atá sceidealaithe ag CFPÁ agus ag CBS um Fhorbairt Eacnamaíoch, Fiontar agus Pleanáil. Cuirfear athbhreithniú bliantúil ar na gníomhartha ar fad i láthair mar aon le tuarascáil ghairid, fhoilsithe ar dhul chun cinn.

Soláthróidh na nuashonruithe bliantúla seo ardán chun gníomhartha a leasú, a oiriúnú agus a chur i gcrích de réir mar a chríochnaítear iad. I ndiaidh dheireadh na tréimhse feidhmithe dhá bhliain, déanfar athbhreithniú níos cuimsithí a bheidh mar bhonn leis an dara plean feidhmithe. Éascóidh sé seo plean níos réalaíche agus níos solúbtha a bheidh ailínithe fós le réaltachtaí agus riachtanais shóisialta agus eacnamaíocha an chontae as seo go ceann sé bliana.

# Aguisíní



# Aguisíní

## Aguisín a hAon:
## Baill Ghrúpa Stiúrtha Comhairleach Chill Dara

| | |
|---|---|
| **Marian Higgins** (Cathaoirleach) | Stiúrthóirí Seirbhísí - Aeráid, Pobal, Timpeallacht agus Uisce, Príomhoifigeach CFPÁ-Cathaoirleach GSC |
| **Alan Dunney** | Stiúrthóirí Seirbhísí - Pleanáil, Fiontar, Forbairt Eacnamaíoch agus Seirbhísí Éigeandála |
| **An Comh. Suzanne Doyle** | Cathaoirleach CFPÁ |
| **An Comh. Rob Power** | CBS um Fhorbairt Eacnamaíoch, Fiontar agus Pleanáil-Cathaoirleach |
| **Alan Kerry** | Ionadaí CFPÁ (Ionadaí um Ionchuimsiú Sóisialta LRP) |
| **Sinéad Ronan** | Comhlachas Tráchtála Chontae Chill Dara (ball de CFPÁ freisin) |
| **Paula O Rourke** | CCCD - Comhordaitheoir um Ghníomhú ar son na hAeráide |
| **Karl Duffy** | Comhpháirtíocht LEADER Chontae Chill Dara - Bainisteoir Forbartha Tuaithe |
| **Paula O Brien** | CCCD - Príomhoifigeach Sinsearach - Rannóg Pobail |

**Cruinnithe go dtí seo:**

28 Márta 2023, 15 Bealtaine 2023, 14 Meitheamh 2023, 18 Meán Fómhair 2023
6 Samhain 2023, 11 Nollaig 2023, 22 Eanáir 2024, 22 Aibreán 2024.

**Le tacaíocht ó:**
Susan Bookle, Comhordaitheoir CFPÁ CCCD agus Jacqui McNabb Ceannasaí Fiontair CCC

## Aguisín a Dó:
## Ballraíocht CFPÁ Chill Dara Eanáir 2024

| Ionadaithe Reachtúla (Naonúr) | | |
|---|---|---|
| **An Comhairleoir Suzanne Doyle** (Cathaoirleach) | Comhalta de Chomhairle Contae Chill Dara | Údarás Áitiúil |
| **Sonya Kavanagh** | Príomhfheidhmeannach Chomhairle Contae Chill Dara | Údarás Áitiúil |
| **An Comhairleoir Tracey O' Dwyer** | Comhalta de Chomhairle Contae Chill Dara | Údarás Áitiúil |
| **An Comhairleoir Aidan Farrelly** | Comhalta de Chomhairle Contae Chill Dara | Údarás Áitiúil |
| **Jacqui McNabb** | Ceannasaí Fiontair CCCD | Údarás Áitiúil |
| **Ken Seery** | Stiúrthóir Breisoideachais agus Oiliúna | Bord Oideachais agus Oiliúna Chill Dara agus Chill Mhantáin |
| **Ruth Langan** | Bainisteoir Ceantair | An Roinn Coimirce Sóisialaí |
| **Margaret McQuillan** | Ceannasaí Sláinte agus Folláine | FSS |
| **Audrey Warren** | Bainisteoir Ceantair | Tusla |

| Baill Neamhreachtúla (Deichniúr) | | |
|---|---|---|
| **Mary O' Connor** | Ball Boird | Comhpháirtíocht LEADER Chontae Chill Dara |
| **Evonne Boland** | Forbairt Pobail | LRP |
| **Michael Kenny** | Forbairt Pobail | LRP |
| **Alan Kerry** | Ionchuimsiú Sóisialta | LRP |
| **Jide Sadiq** | Ionchuimsiú Sóisialta | LRP |
| **Liz Deniffe** | Timpeallacht | LRP |
| **Sinéad Ronan** | Príomhoifigeach Feidhmiúcháin | Comhlachas Tráchtála Chontae Chill Dara |
| **Lisa Baggott** | Comhordaitheoir | Tascfhórsa Réigiúnach Drugaí agus Alcóil an Iardheiscirt |
| **Tom Malone** | Ionadaí | Feirmeoirí Aontaithe na hÉireann |
| **Folamh** | | Iontaobhas McVerry |

**Le tacaíocht ó:**
Marian Higgins, Stiúrthóir Aeráide, Pobail, Timpeallachta agus Uisce CCCD agus foireann tacaíochta CFPÁ.

## Aguisín a Trí:
## Baill an CBS um Fhorbairt Eacnamaíoch, Fiontar agus Pleanáil

| | | |
|---|---|---|
| **An Comhairleoir Robert Power** (Cathaoirleach) | Comhalta de Chomhairle Contae Chill Dara | Údarás Áitiúil |
| **An Comhairleoir Pádraig McEvoy** | Comhalta de Chomhairle Contae Chill Dara | Údarás Áitiúil |
| **An Comhairleoir Michael Coleman** | Comhalta de Chomhairle Contae Chill Dara | Údarás Áitiúil |
| **An Comhairleoir Kevin Duffy** | Comhalta de Chomhairle Contae Chill Dara | Údarás Áitiúil |
| **An Comhairleoir Peggy O'Dwyer** | Comhalta de Chomhairle Contae Chill Dara | Údarás Áitiúil |
| **An Comhairleoir Ivan Keatley** | Comhalta de Chomhairle Contae Chill Dara | Údarás Áitiúil |
| **An Comhairleoir Seamie Moore** | Comhalta de Chomhairle Contae Chill Dara | Údarás Áitiúil |
| **Gerry Prendergast** | Ball | Colún Gnó/Tráchtála |
| **Majella O'Keeffe** | Ionchuimsiú Sóisialta | LRP |
| **Folamh** | Timpeallacht | LRP |
| **Folamh** | Ball | Colún Forbartha/Tógála |

**Le tacaíocht ó:** Alan Dunney, Stiúrthóir Seirbhísí - Pleanáil, Fiontar, Forbairt Eacnamaíoch agus Seirbhísí Éigeandála CCCD agus foireann tacaíochta CBS.

# Aguisín a Ceathair:
# Teimpléad Phlean Feidhmithe PÁEP Chill Dara 2024-2026

| Cuspóir Inbhuanaithe: | | | | |
|---|---|---|---|---|
| Gníomh | Torthaí | Costas/Foinse airgeadais | Comhpháirtithe Ceannais agus Tacaíochta | Achar Ama |
| | | | | |

# Aguisín a Cúig:
# Scagadh le haghaidh MST agus MC

Tá na litreacha cinnidh maidir le scagadh le haghaidh MST agus MC le fáil thíos. Tá na tuarascálacha iomlána le fáil ag: https://kildarecoco.ie/AllServices/Community/KildareLCDC/LocalEconomicandCommunityPlan/.

Comhairle Contae Chill Dara
Kildare County Council

**Cinneadh Scagtha le haghaidh Measúnú Straitéiseach Timpeallachta faoi Threoir MST 2001/42/CE arna trasuí i ndlí na hÉireann faoi I.R. 435/2004, arna leasú**

**I ndáil le Plean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail beartaithe Chomhairle Chill Dara**

Tá scagadh déanta ag Comhairle Contae Chill Dara, ós é an tÚdarás Inniúil don Phlean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail (an Plean), le haghaidh MST faoi Threoir 2001/42/CE. Rinneadh an measúnú scagtha trí úsáid a bhaint as na critéir a úsáidtear chun cinneadh a dhéanamh maidir leis an suntas is dócha a bheidh luaite leis na héifeachtaí atá leagtha amach i Sceideal 1 de I.R. 435/2004, arna leasú.

I ndiaidh measúnú a dhéanamh ar na critéir agus aird a thabhairt ar nádúr an Phlean agus an poitéinseal a bhaineann le héifeachtaí timpeallachta suntasacha mar thoradh ar chur chun feidhme an Phlean, chinn Comhairle Contae Chill Dara nach mbeidh an Plean ina chúis le héifeachtaí suntasacha dóchúla ar an timpeallacht.

Rinneadh an cinneadh seo i ndiaidh breithniú a dhéanamh ar an bhfaisnéis atá le fáil i dTuarascáil Scagtha le haghaidh MST agus ar na critéir atá leagtha amach i Sceideal 1 le I.R. 435/2004 arna leasú,

Seo a leanas na príomhchúiseanna nach bhfuil gá le MST mar chuid den Phlean:

- Ní leagtar amach sa Phlean an creat do thoiliú nó d'athrú talamhúsáide. Oibreoidh na tacaíochtaí a cuireadh ar fáil laistigh d'oibritheoirí talamhúsáide reatha agus beidh gach plean/tionscadal a eascraíonn as cur chun feidhme an phlean faoi réir Phlean Forbartha Contae Chill Dara (PFC) 2023 - 2029 agus gach plean ábhartha eile a chomhlíonadh. Níl aon fhoinse le haghaidh tionchar nach bhfuil breithnithe laistigh den PFC agus pleananna ábhartha eile agus a measúnachtaí timpeallachta gaolmhara cheana féin.

Arna shíniú thar ceann Chomhairle Contae Chill Dara:

Marian Higgins, Stiúrthóir Seirbhíse - Aeráid, Pobal, Comhshaol agus Uisce

Alan Dunney, Stiúrthóir Seirbhíse - Pleanáil, Fiontar, Forbairt Eacnamaíoch agus Seirbhísí Éigeandála

Dáta: 5th June 2024.

/KildareCountyCouncil
@KildareCoCo
subscribe to rss feeds via our website

Comhairle Contae Chill Dara, Áras Chill Dara, Páirc Uí Dhubhuí, An Nás, Co. Chill Dara, W91 X77F
Kildare County Council, Áras Chill Dara, Devoy Park, Naas, Co. Kildare, W91 X77F
T 045 980200 • E customercare@kildarecoco.ie • www.kildarecountycouncil.ie

Comhairle Contae Chill Dara
Kildare County Council

**Cinneadh maidir le Measúnacht Chuí faoi Threoir 92/43/CEE maidir le Gnáthóga arna trasuí i nDlí na hÉireann ag I.R. 477/2011 (arna leasú).**

**Le haghaidh**

**I ndáil le Plean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail beartaithe Chomhairle Chill Dara**

Tá Plean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail (an Plean) ullmhaithe ag Comhairle Contae Chill Dara le haghaidh réimse feidhme Chontae Chill Dara.

Tá cinneadh scagtha déanta ag an gComhairle faoin ngá atá le Measúnacht Chuí (MC) i ndáil leis an bPlean de réir cheanglais Airteagal 6(3) de Threoir 92/43/CEE (an Treoir maidir le Gnáthóga) agus Rialachán 42(11) ón gComhphobal Eorpach (Éin agus Gnáthóga Nádúrtha), 2011 (arna leasú).

Rinneadh scrúdú agus measúnú ar an bPlean chun eolas a fháil faoin bpoitéinseal atá ann éifeachtaí suntasacha dóchúla a bheith aige ar aon láithreán Eorpach i bhfianaise cuspóirí caomhantais, ina aonar nó i dteannta le pleananna, cláir agus tionscadail eile. Doiciméadaíodh an mheasúnacht seo i dTuarascáil Scagtha le haghaidh MC don Phlean.

Cinneadh sa Tuarascáil Scagtha le haghaidh MC nach dtabharfaidh an plean aon fhoinse d'éifeacht chomhshaoil isteach, agus dá réir sin, nach mbeidh aon éifeacht dhóchúil, shuntasach ar láithreáin Eorpacha, lena n-áirítear leasanna cáilitheacha, leas caomhantais speisialta nó cuspóirí caomhantais a leithéidí sin de láithreáin mar thoradh air.

Seo a leanas an phríomhchúis atá leis sin:

> Ní leagtar amach sa Phlean an creat do thoiliú nó d'athrú talamhúsáide. Oibreoidh na tacaíochtaí a cuireadh ar fáil laistigh d'oibritheoirí talamhúsáide reatha agus beidh gach plean/tionscadal a eascraíonn as cur chun feidhme an phlean faoi réir Phlean Forbartha Contae Chill Dara (PFC) 2023 - 2029 agus gach plean ábhartha eile a chomhlíonadh. Níl aon fhoinse le haghaidh tionchar nach bhfuil breithnithe laistigh den PFC agus pleananna ábhartha eile agus a measúnachtaí timpeallachta gaolmhara cheana féin.

Tríd an méid thuasluaite a chur san áireamh, cinntear nach gá MC iomlán a dhéanamh don Phlean.

Arna shíniú ag:

Marian Higgins, Stiúrthóir Seirbhíse - Aeráid, Pobal, Comhshaol agus Uisce

Alan Dunney, Stiúrthóir Seirbhíse - Pleanáil, Fiontar, Forbairt Eacnamaíoch agus Seirbhísí Éigeandála

Dáta: 5th June 2024.

/KildareCountyCouncil
@KildareCoCo

Comhairle Contae Chill Dara, Áras Chill Dara, Páirc Uí Dhubhui, An Nás, Co. Chill Dara, W91 X77F
Kildare County Council, Áras Chill Dara, Devoy Park, Naas, Co. Kildare, W91 X77F

## Aguisín a Sé:
## Roinnt Príomhfhíricí maidir le Cill Dara

Baineadh an sliocht seo as anailís a chuir IBTUÉ in Ollscoil Mhá Nuad ar fáil

- **Fás** – In 2022 bhí an daonra i gCill Dara cothrom le 247,000, sin méadú de 11% nó 24,500 duine ó 2016. Is ionann é seo agus fás atá inchomparáide le daonra iomlán Chathair Cill Chainnigh ag teacht chun cónaithe i gCill Dara thar thréimhse sé bliana. Is é Cill Dara an **cúigiú hÚdarás Áitiúil is mó sa tír ó thaobh daonra**. Le tríocha bliain anuas, dhúbail daonra Chill Dara ó 124,321 in 1991. Tá an méadú seo ann féin inchomparáide le daonra iomlán Chathair agus Chontae Phort Láirge. Tá éagsúlachtaí le tabhairt faoi deara sa leibhéal fáis ar fud an chontae agus tugadh an ráta fáis is tapa faoi deara in CBanna an Náis agus Chlaonta/Mhaigh Nuad idir 2016 -2022. Tá cothromaíocht le tabhairt faoi deara i bhfás Chill Dara chomh fada is a bhaineann le méadú nádúrtha (breith lúide bás) agus inimirce. Meastar, as seo go ceann fiche bliain, go leanfaidh daonra Chill Dara ag méadú go suntasach, thart ar 18.6% nó mar sin.
- **Ceantar Uirbeach/Tuaithe** – Chomh fada is a bhaineann le dáileadh daonra, tá Cill Dara ar cheann de na contaetha is uirbí sa Stát. De réir Dhaonáireamh 2022, tá thart ar 70% den daonra sa chontae ina gcónaí i gceantair uirbeacha (bailte >= 1,500 daonra). Níl rátaí uirbeacha níos airde le fáil ach in Údaráis Áitiúla Bhaile Átha Cliath, Cathair Chorcaí agus Cathair na Gaillimhe. Tá patrúin spáis an-soiléir le tabhairt faoi deara, áfach, maidir leis an dáileadh uirbeach i gCill Dara agus tá formhór an daonra seo suite i gceantar uirbeach an oirthuaiscirt agus i bpríomhlonnaíochtaí atá gar do na gréasáin mótarbhealaí. Tá an chuid eile de Chill Dara rangaithe mar cheantar tuaithe ina bhfuil daonra iomlán de 74,509 (30%, an 7ú ráta is ísle) – is é seo an 11ú líon is airde cónaitheoirí tuaithe sa Stát. **Tá líon iomlán na gcónaitheoirí tuaithe i gCill Dara níos mó ná daonra iomlán contaetha cosúil le Ros Comáin nó Sligeach.** Is bonn talmhaíochta tábhachtach réigiúnach é ceantar tuaithe Chill Dara ina bhfuil daonraí agus patrúin lonnaíochta scaipthe, i nDeisceart agus in Iardheisceart an Chontae go príomha.
- Tá fás suntasach tugtha faoi deara sna **hionaid uirbeacha** i gCill Dara idir 2016 agus 2022. Tá seacht lonnaíocht sa chontae anois ina bhfuil daonra le níos mó ná 10,000 (An Nás, Droichead Nua, Cill Droichid, Maigh Nuad, Léim an Bhradáin, Baile Átha Í agus Baile Chill Dara). Tá méadú daonra sa bhreis ar 25% tugtha faoi deara i roinnt lonnaíochtaí sa tréimhse cúig bliana ó rinneadh Daonáireamh 2016 – an Nás (+23%), Cill Choca (+42%, an dara ráta fáis is mó sa Stát), Teach Srafáin (+34%), Baile Eoin (+33%), Ráth Iomgháin (+27%), Doire an tSoirn (+27%), Mainistir Eimhín (+25%).
- **Leanaí agus Daoine Óga -** In 2022, bhí an ceathrú daonra is óige sa Stát i gCill Dara, ag 34.8% (86,155 duine idir 0-24 bliain d›aois). Is é an líon seo an cúigiú líon is airde sa Stát agus is ionann é agus méadú de 4,600 leanbh agus daoine óga breise ina gcónaí sa chontae ó 2016. Is príomh-shaintréithe Chill Dara iad líon agus leibhéil na leanaí, daoine óga agus teaghlach óg. Mar thoradh air seo, tá ard-éileamh ar shaoráidí cúraim leanaí, scoileanna, áineasa agus tacaíochtaí speisialta chun freagairt do riachtanais leanaí. Tá dúshláin shonracha le sárú ag teaghlaigh

ísealioncaim, lena n-áirítear 4,482 teaghlach tuismitheora aonair a bhfuil leanaí faoi 15 bhliain d›aois acu in 2022. Tá costas cúraim leanaí i gContae Chill Dara ar an ochtú costas is airde sa Stát.


- **Aois -** In 2022, b›ionann meánaois an daonra i gCill Dara agus 36.9 bliain d›aois (Stát = 38.8). Is é seo an dara meánaois is óige as measc na gcontaetha ar fad sa Stát. Níl aois daonra níos óige le fáil ach i bhFine Gall.
- **Aosú Réamh-mheasta -** Ainneoin go mbeidh daonra Chill Dara ag fás, beidh sé ag dul in aois go suntasach freisin. De réir CNP, meastar go méadóidh líon na ndaoine atá os cionn 65 bliain d›aois ó 28,010 in 2016 go dtí 59,000 in 2040. Ciallaíonn sé sin go mbeidh an daonra níos sine ag **dúbailt**. B›fhéidir go bhfuil an chuma ar an scéal go bhfuil 2040 i bhfad uainn, ach ní mór tús a chur leis an bpleanáil chun freagairt don athrú próifíle seo sa ghearrthéarma d›fhonn a chinntiú go mbeidh seirbhísí, saoráidí agus bonneagar oiriúnach don fheidhm amach anseo.
- **Eacnamaíoch -** Tá **láidreachtaí struchtúrtha suntasacha** luaite le próifíl eacnamaíoch Chill Dara i gcoibhneas le codanna eile d›Éirinn. Tá rannpháirtíocht sa lucht saothair agus sa lucht oibre níos airde i gCill Dara i gcomparáid le leibhéil náisiúnta agus réigiúnacha. Tá an dara ráta IDC is airde sa chontae i gcomparáid leis an leibhéal náisiúnta, agus chuir sé seo ar bhealach suntasach leis an bpróifíl eacnamaíoch láidir. Is ionann an earnáil FBM agus micrifhiontair, áfach, agus 92% de gach gnó gníomhach i gCill Dara. Is díol suntais é seo agus tarraingíonn sé aird ar an struchtúr fostaíochta cothrom atá le fáil sa chontae. Ainneoin gur ann do dheiseanna eacnamaíocha, baineann dúshlán suntasach le dífhostaíocht fós, go háirithe dífhostaíocht idirghlúine i nDeisceart agus in Iardheisceart an chontae.
- **Comaitéireacht -** Tarraingíodh aird i nDaonáireamh 2022 ar an bpointe go dtaistealaíonn 36.5% (41,688) de lucht oibre Chill Dara chun na hoibre lasmuigh den Chontae. **Is é seo an séú ráta is airde sa Stát**. Ainneoin gur laghdaigh an ráta comaitéireachta seachtraí de bheagán i gCill Dara ó rinneadh Daonáireamh 2016, baineann formhór an mheatha seo leis an méadú suntasach ar dhaoine a bheith ag obair ón mbaile. Taifeadadh go raibh thart ar 14,000 oibrí cónaithe i gCill Dara ag obair ón mbaile in 2022. Maidir leis na daoine sin a thaistealaíonn chun na hoibre, is é an carr an modh iompair is coitianta - úsáideann 57% de na hoibrithe ar fad an carr. I gcodarsnacht leis sin, ní úsáideann ach 8% de na hoibrithe cónaithe iompar poiblí (bus nó traein). Ainneoin go bhfuil an bonneagar iompair réasúnta láidir sna mórionaid uirbeacha sa réigiún, baineann dúshlán le hiompar poiblí ar fud an chontae trí chéile – agus leis an aistriú go dtí iompar inbhuanaithe.
- **Tithíocht -** Cuireadh 11,000 teach i gcrích i gCill Dara idir 2016 agus 2022, agus as an líon sin, tharla 2,630 acu in 2022. Is é seo an tríú leibhéal críochnaithe is airde sa Stát. Scéimeanna tithíochta ab ea a bhformhór. Taifeadadh an ceathrú leibhéal is ísle de rátaí folúntais sa chontae as an tír ar fad, agus go ginearálta, tá na rátaí níos airde i gceantair thuaithe ná mar atá i gceantair uirbeacha. Is tithe úinéir-áitithe é formhór de stoc tithíochta Chill Dara agus tá morgáiste ag céatadán ard díobh. Tá sé seo coitianta go háirithe i dTuaisceart agus in Oirthear an chontae. Ar aon dul leis na contaetha in aice láimhe, tá na praghsanna réadmhaoine ard i gCill Dara - meánphraghas de €374,359 i mí na Nollag 2022 i gcomparáid le meánphraghas

náisiúnta de €359,529. Tá éagsúlachtaí réigiúnacha le tabhairt faoi deara - tá na praghsanna in Oirthear an chontae i bhfad níos airde ná na praghsanna i nDeisceart Chill Dara. Tarraingíodh aird i gcomparáid ar ráta cíosa in 2022 ar an bpointe gurb ionann an cíos sa chontae (meánchíos de €1,395) agus an tríú cíos is airde i ndiaidh Bhaile Átha Cliath agus Chathair na Gaillimhe. Ainneoin go bhfuil éagsúlachtaí réigiúnacha le tabhairt faoi deara, ba cheart a thabhairt faoi deara go bhfuil praghsanna cíosa i mBaile Átha Í, cothrom le €1,046 - an praghas is ísle sa chontae, fós níos airde ná an meánphraghas do 19 gcontae agus cathracha eile, Cathair Phort Láirge ina measc (€908). Ar deireadh, baineann dúshlán ar leith le heaspa dídine ag leibhéal náisiúnta, agus tá an dúshlán céanna le sárú i gCill Dara.

- **Díothacht**- De réir Innéacs Díothachta Pobal Haase 2022, tá Cill Dara catagóirithe mar chontae rachmasach. Tá roinnt éagsúlachtaí réigiúnacha suntasacha le tabhairt faoi deara, áfach. In 2022, bhí beagnach 21,270 duine rangaithe mar dhaoine faoi mhíbhuntáiste (8.6% den daonra). Tá níos mó díothachta le tabhairt faoi deara i nDeisceart agus in Iardheisceart Chill Dara go ginearálta. Ach tá pócaí díothachta le fáil i ngach ceantar uirbeach, áfach. Tarraingíodh aird i sonraí a bhain leis an Íocaíocht Cúnaimh Tithíochta (ICT) le déanaí go bhfuil an líon is mó teaghlach a bhfuil ICT á fáil acu le fáil i mBaile Átha Í, Cill Droichid, Baile Chill Dara agus an Nás. Dá réir sin, tá bochtaineacht agus míbhuntáiste scaipthe ar fud an chontae agus níos soiléire i bpócaí áirithe agus i bpobail atá ag uirbiú.
- Éagsúlacht- Tá Cill Dara ag éirí níos éagsúla agus táthar ag feitheamh ar shonraí cothrom le dáta. In 2022, bhí an céatadán de náisiúnaigh neamh-Éireannacha atá i gcónaí sa chontae (11.4%) níos ísle ná na leibhéil réigiúnacha agus beagán níos ísle ná meán an Stáit.
- **An Lucht Siúil**- Go traidisiúnta, bhí líon níos lú ná an meán den Lucht Siúil ina gcónaí sa chontae. Tugtar le fios i suirbhé bliantúil CCCD 2022 ar an Lucht Siúil, áfach, go bhfuil méadú tagtha ar líon na dteaghlach Lucht Siúil - go háirithe i mbraislí ar imeall bailte. Tá thart ar 70% de na teaghlaigh ina gcónaí i dtithíocht chaighdeánach.
- **Oideachas**- Tá ceann de na leibhéil gnóthachtála oideachais is airde i measc aosach, ag leibhéal náisiúnta, i gCill Dara. In 2022, bhí cáilíocht tríú leibhéal ag 42.6% de na daoine a chríochnaigh cúrsa oideachais agus a bhí ina gcónaí sa chontae. Is é seo an séú ráta is airde sa Stát agus níl ráta níos airde ná seo le fáil ach i nDún Laoghaire-Ráth an Dúin, Cathair na Gaillimhe, Fine Gall, Cathair Bhaile Átha Cliath agus Cathair Chorcaí. Tá sé seo soiléir in Oirthuaisceart an chontae go háirithe. Tá leibhéil oideachais i bhfad níos ísle le tabhairt faoi deara i nDeisceart agus in Iarthar an chontae, áfach. As measc an 101 bunscoil sa chontae, tá stádas DEIS luaite le 15 scoil - an tríú ráta is ísle sa tír. Tá an rud céanna fíor faoi na hiar-bhunscoileanna - níl ach seacht meánscoil DEIS sa chontae. Tá ról tábhachtach ag na tacaíochtaí breise a sholáthraítear i scoileanna DEIS i ndáil le stop a chur le timthriallta de leibhéal oideachais íseal agus de mhíbhuntáiste.
- **Sláinte -** Ainneoin go bhfuil neart samplaí de shláinte dhearfach le tabhairt faoi deara i gCill Dara (i nDaonáireamh 2022 thuairiscigh 86% de dhaoine sláinte mhaith/an-mhaith), tá dúshláin ag baint le rochtain a fháil ar sheirbhísí sláinte cosúil le Dochtúirí Teaghlaigh mar gheall ar an bhfás suntasach atá tagtha ar an daonra sa

chontae. Chomh maith leis sin, baineann dúshláin le rochtain a fháil ar sheirbhísí sláinte speisialta cosúil le seirbhísí do dhaoine faoi mhíchumas, seirbhísí andúile agus seirbhísí meabhairshláinte.

- **Leathanbhanda**- Tá leibhéal ard rochtana i gCill Dara ar leathanbhanda tráchtála i ngach príomhcheantar uirbeach. Sainaithníodh sa Phlean Náisiúnta Leathanbhanda, áfach, roinnt réimsí idirghabhála. Níl seirbhís mhaith ar fáil in go leor de na ceantair seo agus níl aon soláthraí tráchtála ag freastal orthu. Baineann ábhar imní ar leith le hIarthar an chontae.
- **Leibhéil ioncaim -** Tá an t-ollioncam teaghlaigh airmheánach i gCill Dara i gcomhréir leis na leibhéil réigiúnacha ag €54,472, ach níos airde ná na leibhéil náisiúnta de €45,256. Tá éagsúlachtaí réigiúnacha le tabhairt faoi deara, áfach, tá CBanna Bhaile Átha Í (€42,054) agus Chill Dara/ Chill Droichid (€50,433) níos ísle ná na leibhéil chontae agus réigiúnacha. Díol suntais is ea go bhfuil costais cosúil le cúram leanaí (aird tarraingthe air thuas) agus cíos (29% den ioncam indiúscartha) ard sa chontae. Dá réir sin, is féidir ioncam ard a úsáid go minic chun costais níos airde ná an meán a íoc le haghaidh costais tithíochta, cúraim leanaí agus comaitéireachta.
- **Timpeallacht -** Tá roinnt Limistéar Oidhreachta Nádúrtha (LON), ainmniúchán bunúsach don fhiadhúlra agus tábhachtach le haghaidh na ngnáthóg iontu, le fáil i gCill Dara. Tá Portach Chairbre agus Portach Bhaile Hoiste le fáil i dtuaisceart an chontae. Tá LONanna molta eile ann a foilsíodh ar bhonn neamhreachtúil in 1995. Is príomhlimistéir caomhantais fiadhúlra iad Limistéir faoi Chaomhnú Speisialta (LCSanna) a nglactar leo mar limistéir lena mbaineann tábhacht ag leibhéal Eorpach agus Éireannach. San áireamh ina measc tá Portach Bhaile na Faiche, Loch Bhaile na Faiche, Eanach Baile Pholaird, Portach Mhúide agus an Bhearú agus an Fheoir. Níl aon fheirm ghaoithe i gCill Dara, ach tá sé beartaithe 13 fheirm ghréine a fhorbairt.
- **Talmhaíocht -** Tá go leor cleachtais feirmeoireachta an-éagsúil ar siúl i gCill Dara lena n-áirítear tionscal rathúil na gcapall agus na portaigh thraidisiúnta san Iarthar. Tá an fheirm mheánmhéide i gCill Dara níos mó ná an meán náisiúnta, go háirithe i nDeisceart an chontae. Is feirmeacha speisialtóra táirgthe mairteola iad 43% de na feirmeacha i gCill Dara, agus is feirmeacha speisialtóra curaíochta iad breis is 15% de na feirmeacha. Tá patrún spáis soiléir ann agus na rátaí is airde d›fheirmeacha curaíochta le fáil i nDeisceart an chontae. Bhí an caighdeán airmheánach feirme cothrom leis an deichiú ráta is airde ag leibhéal náisiúnta agus de réir na gcontaetha creasa comaitéireachta comharsanacha.


Kildare County Council
Total Population Distribution, 2022
LECP Socio-Economic Profile, 2024
Local Authorities, 2022
Dublin City 592,713 (11.5%)
Cork County 360,152 (7%)
Fingal 330,506 (6.4%)
South Dublin 301,075 (5.8%)
Kildare 247,774 (4.8%)
Dún Laoghaire-Rathdown 233,860 (4.5%)
Cork City 224,004 (4.4%)
Meath 220,826 (4.3%)
Limerick 209,536 (4.1%)
Galway County 193,323 (3.8%)
Tipperary 167,895 (3.3%)
Donegal 167,084 (3.2%)
Wexford 163,919 (3.2%)
Wicklow 155,851 (3%)
Kerry 156,458 (3%)
Louth 139,703 (2.7%)
Mayo 137,970 (2.7%)
Clare 127,938 (2.5%)
Waterford 127,363 (2.5%)
Kilkenny 104,160 (2%)
Westmeath 96,221 (1.9%)
Laois 91,877 (1.8%)
Galway City 84,414 (1.6%)
Offaly 83,150 (1.6%)
Cavan 81,704 (1.6%)
Roscommon 70,259 (1.4%)
Sligo 70,198 (1.4%)
Monaghan 65,288 (1.3%)
Carlow 61,968 (1.2%)
Longford 46,751 (0.9%)
Leitrim 35,199 (0.7%)
0
200,000
400,000
600,000
800,000
Population 2022
Figure 1.1 - Total Population 2022, by Local Authority, 2022 (Source: CSO)
Municipal District, 2022
Kildare-Newbridge (MD) 27.5% (68,185)
Clane-Maynooth (MD) 26.7% (66,159)
Naas (MD) 18.5% (45,822)
Celbridge-Leixlip (MD) 15.8% (39,334)
Athy (MD) 11.5% (28,646)
Figure 1.2 - Total Population 2022 MD, 2022 (Source: CSO)

Aithníonn agus gabhann Comhairle Contae Chill Dara a buíochas le gach duine a sholáthair na grianghraif a úsáideadh sa phlean seo: Rannóg Pobail Chomhairle Contae Chill Dara, Comhpháirtíocht Spóirt Chill Dara, Gníomh Lucht Siúil Chill Dara, grianghrafadóireacht Mark McGuire, Páirc Oidhreachta na Loilí Móire (grianghrafadóir Michael Anderton) agus Forbairt Pobail Umeras CTR.



















LCDC
Coiste um Fhorbairt Pobail Áitiúil Chill Dara
Kildare Local Community Development Committee

Meanma agus Misneach

**Comhairle Contae Chill Dara**
Kildare County Council